COIMISIÚN CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2008

PRESS RELEASE

FOR IMMEDIATE RELEASE

The Independent Radio and Television Commission are de
announce that they have today signed a Contract with Ca
Productions Limited for the provision of a Local Sound Br
Service for the Dublin City and County franchise area.

The signing was performed at the Commission's offices by
Henchy (Chairman) and Mr. Sean Connolly (Secretary) on
the I.R.T.C. and by Mr. Jim Aiken (Chief Executive) and M
Hogan (Secretary) on behalf of Capital Radio Productio

The I.R.T.C. expects to be in a position to sign more co
the immediate future.

IRTC

THE INDEPENDENT RADIO AND TELEVISION COMMISSION

AN COIMISIÚN UM RAIDIÓ AGUS TELEFÍS NEAMHSPLEACH

Contents

Ráiteas an Chathaoirligh	02
Misean, Fís agus Luachanna	04
Feidhmeanna an Choimisiúin	06
Comhaltaí agus Baill Foirne an Choimisiúin	08
Forbairt Reachtaíochta agus Beartais	11
An Scéim Mhaoiniúchán Craoltóireachta	17
Raidió	23
Teilifís	27
Comhlíonadh	32
Coíd agus Caighdeáin	39
Oiliúint agus Forbairt	43
Cumarsáid agus Cur Chun Cinn	47
Treochtaí	52
Forbairt Eagraíochtúil	57

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Bhí an próiséas ceadúnúcháin do Theilifís Trastíre Digiteach agus críochnú an mór-athbhreithnithe ar an gCód Fógraíochta do Pháistí agus an Scéim Maoiniúcháin Craoltóireachta 'Sound & Vision' ar na nithe ba mhó ar chlár oibre an BCI don bhliain 2008.

Bhíothas ag súil go n-achtófaí an reachtaíocht Craolacháin nua i rith na bliana agus go mbeadh an t-údarás rialaithe craolacháin nua – Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI). Cé gur foilsíodh an Bille i Mí Bealtaine bhí a bhealach tríd an Oireachtas níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis agus bhí críoch na céime coiste sroichte aige faoi dheireadh na bliana. Ceann de na torthaí a bhí leis sin ná go raibh iarratas ón Aire go bhfanfadh Bord reatha an BCI i seilbh oifige ar feadh tréimhse eatramach go dtí go n-achtófaí an reachtaíocht agus chuir na Comhaltaí ar fad in iúl go mbeidís sásta é sin a dhéanamh.

Mar a dúradh thuas, ghlac DDT a lán dár gcuid ama i rith na bliana agus fuarthas trí iarratais chun gach ceann de na trí chonarthaí ilphléacs a fógraíodh a oibriú. Tar éis próiséis an-iomaíoch, dámhadh na conarthaí ar an gcuibhreannas Boxer, agus bhíothas ag súil go gcuirfidís tús lena gcuid oibríochtaí i lár na bliana 2009. De bharr an choir chun donais eacnamaíochta, áfach, tá amhras anois ann maidir leis an ionchas go mbunófar an tseirbhís le linn 2009.

Baineann an-ráth i gcónaí leis an Scéim Maoiniúcháin Craoltóireachta 'Sound & Vision' agus bhuaidh cláir a ndearnadh maoiniú orthu gradaim ag searmanas bronnta Scannán agus Teilifíse na hÉirean agus ag searmanais ghradamúla eile. Rinneadh leithdháileadh breise de €10m ar chláir nua raidió agus teilifíse i rith na bliana. Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an scéim sa dara leath den bhliain agus bhí na torthaí an-dearfach. Tá faomhadh an AE chun leanúint ar aghaidh leis an scéim á lorg anois don tréimhse tar éis 2009.

Rinneadh mór-athbhreithniú ar an gCód Fógraíochta do Pháistí i rith na bliana. Is í an fhógraíocht do bhia atá dírithe ar leanaí an príomhcheist – anseo agus sa Bhille Craolacháin – agus táimid chun níos mó taighde agus comhairliúcháin a dhéanamh sa réimse seo le linn 2009. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar na Rialacha Rochtana, a chuimsíonn fotheidealú, an teanga chomharthaíochta agus cur síos reacaireachta agus tá gach seans go gcruthófar dúshláin níos mó leis sin do chraoltóirí ag an tráth seo nach bhfuil chomh buacach ó thaobh geilleagair de agus a bhí.

I ndáiríre, is dócha go gcruthóidh an laghdú tobann ar ioncaim fógraíochta san earnáil raidió agus san earnáil teilifíse araon, a tharla le linn na tréimhse Lúnasa – Nollaig, dúshláin níos mó don rialtóir agus don tionscal sna blianta amach romhainn. Mar is ea i gcónaí, is é an ról a bheidh ag an BCI cothromú

a dhéanamh ar riachtanais ilchineálacht cláir dár n-éisteoirí agus dár faireoirí agus ceisteanna inmharthanachta ag teacht aníos don earnáil craolacháin, agus ní mór dúinn a bheith airdeallach i gcónaí maidir leis na gealltanais a rinne craoltóirí agus na ceadúnais á ndámhadh.

In ainneoin an choir chun donais eacnamaíoch, bhí sé deas dhá sheirbhís réigiúnda nua do dhaoine óga a fheiceáil – iRadio North West agus iRadio Midlands – ag tosú ag craoladh agus beidh an tseirbhís ilchathrach, 4FM, ina dteannta go luath sa bhliain 2009. Bhí síniú conartha athnuaite le TV3 go ceann deich mbliana ina bhuaicphointe eile i Mí Meán Fómhair.

Tréimhse an-ghnóthach a bhí ann sa bhFomhar agus dhá mhór-chomhdháil á n-óstáil againn. Comhdháil an BCI i bPáirc an Chrócaigh an chéad ceann díobh a leag béim faoi leith ar theacht gan mhoill na meán nua digiteacha agus bhí sé ina mhór-onóir dúinn óstáil a dhéanamh ar an 28ú cruinniú de Léibheann Eorpach na n-Údarás Rialúcháin (EPRA) i Mí na Samhna. D'fhreastail breis is 150 toscaire ó dhaichead is a haon údarás rialúcháin ar an ócáid.

Tá deireadh tagtha le téarma cúig bhliana an Bhoird reatha. Cé gur ghlacamar le cuireadh an Aire leanúint ar aghaidh ar feadh tréimhse eatramach, is maith an t-am anois é le machnamh a dhéanamh ar cé chomh maith is a d'éirigh go foriomlán lenár straitéis don tréimhse 2004 – 2008. Déanfaimid athbhreithniú neamhspleách ar an straitéis go luath i 2009 agus táimid muiníneach go dtaispeánfaidh sé sin gur éirigh leis an eagraíocht a gcuid spriocanna a bhaint amach le linn na tréimhse. Go leithleach, tá an eagraíocht á hullmhú féin go maith don aistriú ó BCI go BAI agus, ina leith sin, tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara go raibh dul chun cinn suntasach le linn 2008 leis an obair a bhí ar siúl ag leibhéal na Feidhmeannachta leis an tionscadal aistriú a dhéanamh.

Mo bhuíochas arís le mo chomh-chomhaltaí ar an mBord as a rannpháirtíocht agus as a gcuid tacaíochta i rith na bliana. Agus focal buíochais faoi leith don lucht feidhmiúcháin as leanúint ar aghaidh ag seachadadh spriocanna na heagraíochta ar ardchaighdeán le linn bliana a bhí fíor-ghnóthach.

Conor J. Maguire,
Cathaoirleach

31 Nollaig 2008

MISEAN

Spreagfaidh an BCI forbairt thionscal dúchasach craolacháin a bheidh ar fheabhas agus a shásóidh riachtanais ilchineálacha siamsaíochta, oideachais, agus faisnéise mhuintir na hÉireann, agus a bhainfidh feidhm éifeachtúil as acmhainn náisiúnta.

FÍS 2013

Beidh ard-chaighdeán agus rogha maidir le seirbhísí dúchasacha craolacháin ar fáil do lucht féachana agus éisteachta in Éirinn tríd an gcaoi a chleachtóidh an BCI a ról mar an rialtóir aonair ar ábhar in Éirinn. Roghnóidh daoine Éireannacha éisteacht le seirbhísí Éireannacha agus faire orthu mar gheall ar a n-ábhar agus a n-ábharthacht agus toisc go bhfuil siad 'i dtiúin' le riachtanais phobal na hÉireann. Táirgeoidh an earnáil chraolacháin cláir a bheidh ábhartha don lucht féachana agus éisteachta ar a fhreastalaíonn sí agus deimhneoidh ceantar geografach, aois, cine, teanga agus catagóirí ceoil agus ábhar spéise eile an ábharthacht sin.

Beidh comhlíonadh níos fearr san earnáil craolacháin de bharr luachanna agus caighdeáin inmhianaithe a ghlacadh. Aithneofar an BCI go hidirnáisiúnta mar phríomh-fhoinse i réimse na gcaighdeán craolacháin. Aithneofar é mar an príomh-fhoinse faisnéise agus tuisceana maidir le craoltóireacht in Éirinn. Bainfidh sé amach cothromaíocht idir an earnáil a rialú agus a fhorbairt agus aitheantas á thabhairt do mhúnlaí difriúla inmharthanacht airgeadais, d'ilchineálacht cláir agus soláthar seirbhísí e.g. seirbhís phoiblí, seirbhís tráchtála agus seirbhís deonach.

Beidh comhshaol ag foireann an Choimisiúin ina mbeidh dúshláin agus forbairt agus ina n-úsáidfear a gcuid talann leis an sprioc atá againn tionscal craolacháin beoga agus uathúil a fhorbairt agus a rialú. Feicfear go raibh príomh-pháirt ag an BCI agus ag a fhoireann in earnáil craolacháin dinimiciúil agus rathúil a fhorbairt in Éirinn.

LUACHANNA

Oscailteacht agus Follasacht — próiséis a bhunú agus a chur i bhfeidhm dá chuid gníomhaíochtaí ar fad atá soiléir, fuirist le tuiscint agus oscailte dá leas-sealbhóirí uilig lena scrúdú.

Cothroime — a bheith cothrom agus réasúnach maidir lena chuid cleachtais, próiséis agus nósanna imeachta ina róil éagsúla mar rialtóir, mar fhostóir agus mar ionadaí ar leas an phobail.

Comhsheasmhacht agus Solúbthacht a bheith comhsheasmhach agus a chuid cleachtais á gcur i bhfeidhm, le méid áirithe cinnteachta a chinntiú dá chuid éisteoirí, dá chuid faireoirí agus dá chuid craoltóirí, agus a bheith solúbtha go leor chun freagairt a thabhairt ar choinníollacha an mhargaidh agus ar riachtanais agus ar leas an lucht féachana agus éisteachta.

Daoine luach na ndaoine laistigh den eagraíocht agus a gcumas chun na caighdeáin is fearr seirbhíse a sholáthar dár gcuid leas-sealbhóirí a aithint.

Cáilíocht cinntiú go bhfuil cáilíocht mar chuid lárnach den chaoi ina n-oibríonn an BCI.

Nuálaíocht an fonn a bheith ann triail a bhaint as nithe nua, as bealaí nua le sean-rudaí a dhéanamh agus an toil agus an misneach triail a dhéanamh.

Feabhas caighdeáin arda a bhunú agus dícheall a dhéanamh iad a bhaint amach.

Éifeacht agus Eifeachtúlacht leanúint ar aghaidh ag déanamh rudaí i gceart agus ag déanamh an ruda cheart.

Meas meas a bheith orainn agus súil a bheith againn go ndéanfar ár ról a cheistiú toisc go bhfuil sé tábhachtach.

Dílseacht go léireoidh Bord agus foireann an BCI meas ar an eagraíocht, ar a chuid beartais agus a chuid cuspóirí agus ar fheidhmiú a chuid cinntí ar fad.

FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN

Tá Coimisiún Craolacháin na hÉireann freagrach as líon áirithe príomhréimsí gníomhaíochta maidir le seirbhísí teilifíse agus raidió in Éirinn, de réir fhorálacha an *Achta Raidió agus Teilifíse, 1988,* an *Achta Craolacháin, 2001*, an *tAcht Craolacháin (Maoiniú), 2003* agus an *tAcht Craolacháin (Leasú) 2007*. Áirítear leo sin:

Ceadúnú

Déanann an Coimisiún ceadúnú ar sheirbhísí craolacháin neamhspleácha agus é mar chuspóir aige rogha agus ilchineálacht a sholáthar dá chuid éisteoirí. San áireamh leis sin tá ceadúnú seirbhís teilifíse saor ar an aer (TV3), seirbhís leath-náisiúnta raidió (Newstalk) agus iomlán de 57 seirbhís raidió ilchathrach, reigiúnda, áitiúil, pobail, pobal sainspéise agus institiúide. Tá 15 seirbhís raidió agus teilifíse eile ar fáil ar chomhartha digiteach, ar chábla MMD agus ar shaitilít. Tugadh an fhreagracht don Choimisiún freisin 3 léibheann ilphléacs Teilifíse Digitigh Trastíre (DTT) a cheadúnú, sula múchtar teilifís analógach.

Comhlíonadh

Déanann an Coimisiún monatóireacht ar a chuid seirbhísí ceadúnaithe ar fad lena chinntiú go gcomhlíonann sealbhóirí ceadúnais a gcuid oibligeáidí reachtúla maraon le téarmaí a gcuid conarthaí. Áirítear le gníomhachtaí comhlíontachta measúnú ar an méid seo a leanas: feidhmiúlacht cláir; struchtúir úinéireachta agus rialaithe; feidhmiúlacht ó thaobh airgeadais agus trádála de; cleachtais maidir le hacmhainní daonna a bhainistiú; áiseanna tarchuir agus stiúideó.

Cóid agus Rialacha

Tá an Coimisiún freagrach as Cóid agus Rialacha a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus as monatóireacht a dhéanamh orthu ó thaobh chaighdeán cláir agus fógraíochta. Baineann na Cóid sin le gach craoltóir, poiblí agus príobháideach.

Forbairt

Cuireann an Coimisiún tacaíocht ar fáil do thionscnaimh oiliúna agus forbartha, chun cultúr feabhais a chur chun cinn san earnáil chraolacháin neamhspleách.

Taighde

Déanann an Coimisiún taighde straitéiseach, agus déanann sé an taighde sin a choimisiúnú agus a bhainistiú chun cabhrú le beartais chraolacháin in Éirinn a fhorbairt. Tá sé mar chuspóir ag an obair sin cinnteoireacht atá ar an eolas agus bunaithe ar fhianaise a chinntiú ar fud gach réimse oibre, tacaíocht a thabhairt le haghaidh forbairt beartais agus an Coimisiún a fhorbairt mar phríomh-fhoinse faisnéise agus tuisceana faoin earnáil chraolacháin in Éirinn.

Faisnéis

Scaipeann an Coimisiún faisnéis agus freagraíonn sé ceisteanna ó dhaoine atá ag obair sa dtionscal, sna meáin, ó leas-sealbhóirí ábhartha eile agus ón bpobal i gcoitinne. Foilsíonn an Coimisiún faisnéis go rialta freisin mar gheall ar a chuid oibre agus mar gheall ar fhorbairtí san earnáil.

An Scéim Mhaoiniúchán Craoltóireachta

Tá an Coimisiún freagrach as an scéim 'Sound & Vision', an Scéim Mhaoiniúchán Craoltóireachta, a chuireann tacaíocht ar fáil do chláir nua raidió agus teilifíse i réimse chultúr, óidhreacht agus taithí na hÉireann, i réimse na litearthachta d'aosaigh agus do chláir den chineál sin i nGaeilge, a fhorbairt agus a riaradh. Tá an Coimisiún freagrach freisin as scéim a chur i bhfeidhm chun forbairt a dhéanamh maidir le hábhar cláir a chartlannú.

COMHALTAÍ AGUS BAILL FOIRNE AN CHOIMISIÚIN

Comhlacht reachtúil is ea an Coimisiún a bhfuil deichniúr comhaltaí ar an mBord aige. Cheap an t-Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha an bord reatha i Mí na Nollag 2003. Bíonn cruinnithe ag comhaltaí an Choimisiúin ar bhonn míosúil.

Tá líon foirne de 42 ag an gCoimisiún, lena n-áirítear soláthar rúnaíochta don Choimisiún um Ghearáin Chraolacháin (BCC).

Conor J. Maguire

Mary Davis

Joe Griffin

Kay McGuinness

Vivienne Jupp

John Waters

Angela Kerins

Tom Collins

John O'Brennan

Bob Collins

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach

Celene Craig
Leas-phríomhfheidhmeannach

COMHALTAÍ BOIRD

Conor J. Maguire:
Abhcóide Sinsearach

Mary Davis:
Stiúrthóir Bainistíochta, Cluichí Oilimpeacha Speisialta, An Eoraip/An Eoráise

Joe Griffin:
Oideachasóir

Kay McGuinness:
Stiúrthóir, Southern Advertising Agency

Vivienne Jupp:
Iar-chomhpháirtí Sinsearach, Accenture

John Waters:
Iriseoir, Úrscéalaí, Drámadóir

Angela Kerins:
Príomhfheidhmeannach, Grúpa Rehab, Cathaoirleach, An t-Údarás Náisiúnta Míchumais

Tom Collins:
Ollamh, An Rannóg Oideachais, OÉ, Maigh Nuad

John O'Brennan:
Cathaoirleach, Raidió Pobail Bhaile Átha Cliath Theas, Uachtarán Náisiúnta, Institiúd Náisiúnta Bainisteoirí Comhar Creidmheasa

Bob Collins:
Príomh-Choimisinéir, Equality Commission for Northern Ireland.

BAILL FOIRNE FEIDHMEANNAIS

Michael O'Keeffe:
Príomhfheidhmeannach

Celene Craig:
Leas-phríomhfheidhmeannach, Rúnaí Boird an BCI

Dámhadh Conarthaí (lena n-áirítear Ceadúnú agus 'Sound & Vision')
Stephanie Comey
Brian Furey, Máire Ní Dhonnchadha, Andrew Ward
Philip Cooper, Elizabeth Farrelly

Comhlíonadh agus Caighdeáin
Ciarán Kissane
Diarmaid Breathnach, Declan McLoughlin, Niamh Ní Bhroin,
Andrew Robinson, Ruth-Blandina Quinn, Jill Caulfield,
Louise McLoughlin, Jessica Scott

Foireann Monatóireachta
Aileen Barrett, Barry Casey, Simon Conneally, Andrea Leonard,
Deborah Molloy, Fionnuala Murphy, Jeanne Spillane, Annette Stone

Cumarsáid agus Forbairt Earnála
Aoife Clabby, Ita Kennelly,
Patricia Kelly

Innealltóireacht
Neil O'Brien
Roger Woods, Tim Flynn

Airgeadas, Rialú, agus Pearsanra
Margaret Tumelty
Annemarie Gavin, Sally Kennedy
Gillian Collins, Sinéad Owens
Rachel Casey, Joanna Laskowska

FORBAIRT REACHTAÍOCHTA AGUS BEARTAIS

FORBAIRT REACHTAÍOCHTA AGUS BEARTAIS

Bliain suntasach don BCI ab ea 2008 ó thaobh forbairtí reachtaíochta de mar gur foilsíodh an Bille Craolacháin, a mbeidh impleachtaí forleathana aige nuair a achtaítear é maidir leis an dtreo ina rachaidh an earnáil craolacháin in Éirinn amach anseo. Rinne an BCI líon gníomhaíochtaí maidir leis an mBille, i dteannta na hoibre a rinneadh ar an Treoir um Sheirbhísí Closamhairc sna Meáin (AVMS).

Ó thaobh beartais de, cuireadh siar an obair ar an mBeartas Rialaithe agus Úinéireachta agus foilsíodh an Beartas Ceadúnúcháin Ilphléacs DTT. Lean an tacaíocht ar aghaidh le haghaidh taighde i réimsí éagsúla, lena n-áirítear teicneolaíocht digiteach, litearthacht sna meáin agus éagsúlacht chultúir. Ina dteannta sin, críochnaíodh comhthionscadal taighde de chuid BCI/NDA le linn 2008 maidir leis an léiriú a dhéantar ar mhíchumas sna meáin.

Tá an BCI tiomanta do naisc straitéiseacha a fhorbairt agus a chothú le heagraíochtaí meáin agus le comhlachtaí rialtais ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus lean an obair ar aghaidh ón dtaobh sin de.

Is iad seo a leanas na príomh-réimsí gníomhaíochta maidir le Forbairt Beartais agus Reachtaíochta le linn 2008:

Forbairtí Reachtaíochta

An Bille Craolacháin 2008

Cuirfidh an Bille Craolacháin, a foilsíodh ar an 14 Bealtaine 2008, athruithe suntasacha i bhfeidhm maidir le tírdhreach na craoltóireachta in Éirinn trí reachtaíocht a chomhdhlúthú agus trí reachtanna a théann siar chomh fada le 1960 a aisghairm. Moltar go ndíscaoilfear an BCI agus an BCC (An Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin) agus go mbunófar rialtóir ábhar craolacháin nua, Údarás Craolacháin na hÉireann, chun feidhmeanna reatha an BCI agus an BCC a dhéanamh, agus chun feidhmeanna breise nua a dhéanamh chomh maith.

Rinne an BCI aighneacht leis an Aire ar an 1 Iúil 2008 mar fhreagairt ar na moltaí reachtaíochta, agus béim faoi leith á leagadh ar na gnéithe seo a leanas den mBille:

- Struchtúr Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus na Coistí Reachtacha agus cuspóirí, feidhmeanna agus dualgais an BAI (Cuid 2)
- Dualgais, cóid agus rialacha a bhaineann le craoltóirí (Cuid 3)
- Sásamh (Cuid 4)
- Forfheidhmiú (Cuid 5)
- Conarthaí craolacháin tráchtála agus conarthaí soláthar ábhair (Cuid 6)
- Craoltóireacht seirbhíse poiblí (Cuid 7)
- Craoltóireacht digiteach agus an múchadh analógach (Cuid 8)
- An Ciste Craolacháin (Cuid 10)

An Treoir um Sheirbhísí Closamhairc sna Meáin (AVMS)

I mí na Nollag 2007, ghlac an t-Aontas Eorpach An Treoir um Sheirbhisí Closamhairc sna Meáin (AVMS), a thagann in ionad an Treoir um Theilifís gan Teorainneacha (TWF). Tá creat ama de dhá bhliain a chaithfear an Treoir nua a chomhdhlúthú i ndlí na hÉireann laistigh de, agus thosaigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ar an obair ina thaobh sin le linn 2008. Chuir an BCI leis an bpróiséas trí aiseolas a thabhairt don Roinn maidir le dréacht-fhorálacha reachtúla sa mBille Craolacháin 2008. Lean an BCI ar aghaidh freisin ag baint leasa as na ndeiseanna a bhí ann chun freastal ar chruinnithe Choiste Teagmhála Treoir TWF an Aontais Eorpaigh.

Beartais

Beartas Úinéireachta agus Rialaithe an BCI

Cuireann *Beartas Úinéireachta agus Rialaithe an BCI* treoirlínte ar fáil maidir le húinéireacht agus rialú seirbhísí craolacháin faoi dhlínse an BCI. Déantar athbhreithniú ar an mBeartas go rialta ionas go léireofar an cleachtas is fearr, athruithe sa reachtaíocht agus forbairtí sa chomhshaol craolacháin.

Beartaíodh go ndéanfaí an *Beartas* a athbhreithniú i 2009. Ghlac an Coimisiún cinneadh, áfach, an t-athbhreithniú a bhí á mholadh a chur siar go dtí tráth níos oiriúnaí, nuair a bheadh cinnteacht ann i dtaobh na reachtaíochta nua craolacháin. Thabharfadh sé sin deis chomh maith do bhord nua Údarás Craolacháin na hÉireann an treo ina rachadh an *Beartas* amach anseo a chinntiú. Agus an cur siar sin á aontú aige, bhí an Bord airdeallach gur leasaíodh an *Beartas* go déanach i 2007 / go luath i 2008 chun forálacha an Achta Craolacháin (Leasú) 2007 agus ceadúnú conraitheoir Ilphléacs DTT a chuimsiú.

Craolachán Digiteach

I 2008 d'fhoilsigh an Coimisiún a *Bheartas Ceadúnúcháin d'Ilphléacsanna DTT* agus fógraíodh trí chonradh Ilphléacs DTT, rud a thug chun críche próiséas suntasach forbartha a tosaíodh le linn 2007. Lean an obair phleanáil minicíochta chun cur i bhfeidhm DTT a éascú ar aghaidh i rith na bliana, a raibh rannpháirtíocht inti ag ComReg, RTÉ, an BCI agus gníomhaireachtaí bainistíocht tarchuir agus speictream ón Ríocht Aontaithe. Sa dara leath den bhliain 2008 tosaíodh ar roinnt taighde a dhéanamh maidir le teicneolaíochtaí digiteacha raidió. Leanfaidh an obair sin ar aghaidh i 2009.

Forbairt Beartais sa Todhchaí – Tionscnaimh Taighde

Gné thábhachtach de shaothar an Choimisiún ina chuid réimsí feidhme ar fad is ea an taighde, agus bunchloch is ea an taighde le haghaidh réimsí nua gníomhaíochta. Tugann an chuid seo den dtuarascáil forléargas ar thionscnaimh taighde le linn 2008.

An Scéim Maoiniúcháin Taighde ar an Meáin

Seoladh *Scéim Taighde an BCI ar na Meáin*, a thugann maoiniú le haghaidh tionscadail i réimsí meáin agus craolacháin, i Mí Meitheamh 2007 le buiseád iomlán bliantúil de €48k. Déanann an Scéim maoiniú ar thionscadail i réimsí na meán agus na craoltóireachta agus é mar chuspóir: faisnéis cothrom le dáta a sholáthar i dtaobh treochtaí atá ag teacht chun cinn in Éirinn agus thar lear; cabhrú leis an gCoimisiún réamheolas a fháil faoi athruithe san earnáil agus; monatóireacht agus athbhreithniú ar chleachtais agus ar bheartais an BCI a éascú.

Lean an obair ar na dtrí thionscadail ar dámhadh deontais tosaigh orthu ar aghaidh isteach sa bhliain 2008. Chríochnaigh an tionscadal taighde ar Litearthacht sna Meáin roimh dheireadh na bliana agus táthar ag súil go mbeidh dáta foilsiúcháin sa chéad ráithe de 2009. Táthar ag súil go gcríochnófar an dá thionscadal taighde eile le linn 2009. Díríonn an dá cheann acu sin ar éagsúlacht chultúir sa chraoltóireacht; ceann acu ó thaobh reachtaíochta agus caighdeán idirnáisiúnta; an ceann eile ó thaobh na gclár agus an lucht féachana/éisteachta in Éirinn.

Seoladh an dara bhabhta den *Scéim Taighde ar na Meáin* i Mí Márta 2008 agus dámhadh maoiniú de €16k an ceann ar dhá thionscadal nua. Fuair Brian O'Neill agus Athena Media maoiniúchán chun staidéar a dhéanamh ar an gcaoi ina bhfuil cúrsaí faoi láthair maidir le Raidió Digiteach a fhorbairt in Éirinn. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag Kevin Rafter (IADT Dún Laoghaire) ar an gcaoi ina sheasann cúrsaí in Éirinn faoi láthair maidir le fógraíocht pholaitíochta sna meáin chraolacháin agus tá sé ag fiosrú ar chóir aon athruithe a mheas. Táthar ag súil go mbeidh an dá thionscadal críochnaithe roimh dheireadh na bliana 2009.

Taighde BCI/NDA

I 2007 rinne an Coimisiún agus an t-Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA) comhaoiniú ar thrí phíosa taighde faoi cineál agus réimse na hionadaíochta a fhaigheann daoine le míchumas sna meáin chraolacháin in Éirinn. I measc na dtionscadal sin bhí: anailís ar ábhar agus ar dhioscúrsa i mbreis is 400 uair an chloig raidió agus teilifíse in Éirinn (DCU); iniúchadh ar na caighdeáin agus na treoirlínte atá ann i ndlínsí eile (NUIG) agus; suirbhé náisiúnta ar dhearcadh (Landsdowne Market Research). Críochnaíodh gach ceann den trí thionscadal taighde sin i 2008 agus foilseofar iad go luath i 2009. Cuirfidh an taighde sin forbairt treoirlínte deonacha ar an eolas ionas gur féidir aghaidh a thabhairt ar an gceist sin.

Litearthacht sna Meáin

Nuair a bhunaítear é, beidh ról ag Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) i bhfeasacht agus tuiscint an phobail maidir le litearthacht sna meáin a mhéadú. Léiríonn an fhorbairt seo an fócas breise ag leibhéal na hEorpa agus go hidirnáisiúnta ar thábhacht na litearthachta sna meáin sa ré digiteach. Agus é ag súil le forbairtí sa reachtaíocht, tá forbairt á dhéanamh ag an BCI ar eolas inmheánach sa réimse sin agus tá naisc ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta á mbunú aige. I measc na bhforbairtí suntasacha a rinneadh i 2008 bhí críochnú an taighde a bhí maoinithe ag an BCI ar litearthacht sna meáin agus rannpháirtíocht an BCI i bhfóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta. Thaispeáin an obair go dtí seo go bhfuil gá sainmhíniú níos sonraí a dhéanamh ar cé acu réimsí a thagann laistigh de scóip na litearthachta sna meáin agus cé hiad go díreach na leas-sealbhóirí ábhartha. Maidir leis an méid sin, tá fáilte roimh an sainmhíniú a tugadh i mBille na bliana 2008, toisc go dtabharfaidh sé fócas áirithe d'Údarás Craolacháin na hÉireann ó thaobh tionscnamh de amach anseo.

Gaolmhaireachtaí Straitéiseacha

Mar an rialtóir don earnáil craolacháin neamhspleách, ní mór don Choimisiún naisc a choimeád le réimse leathan comhlachtaí ar leibheál náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bliain tábhachtach ab ea 2008 maidir leis an méid sin agus sinn ag ullmhú don aistriú go dtí Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI), do Theilifís Digiteach Trastíre a chur i bhfeidhm agus do óstáil a dhéanamh ar chruinniú idirnáisiúnta de rialtóirí craolacháin.

Ranna Rialtais

Is é an gaol leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an príomhghaol atá ag an BCI. Tionóltar cruinnithe foirmeálta go ráithiúil agus déantar idirchaidreamh breise nuair a bhíonn ceisteanna sonracha beartais le plé, ar nós an Bille Craolacháin nua, DTT, an Treoir AVMS agus an Scéim Mhaoiniúcháin Craoltóireachta.

Thug an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha cuireadh don Phríomhfheidhmeannach suí ar chomhlacht comhairliúcháin a raibh reachtaíocht maidir le cumaisc meáin san Acht Iomaíochta 2002 á scrúdú aige. Go leithleach, d'ainmnigh an Roinn Sláinte an Príomhfheidhmeannach le fanacht ar an gComhlacht Monatóireacht um Chumarsáid Margaíochta Alcóil, a thagann le chéile go ráithiúil agus atá freagrach as comhlíonadh na gcód deonacha maidir le maoirsiú a dhéanamh ar fhógraíocht d'alcól.

Rialtóirí Eile

Is leis an gCoimisiún um Rialú Cumarsáide (ComReg) atá ár bpríomhchaidreamh sa réimse seo. Le linn 2008 bhí gníomhaíocht shuntasach idir ComReg agus an BCI, go sonrach maidir leis an bpróiséas, DTT chomh maith le pleanáil i dtaobh speictrim lenár gcomhleacaithe sa Ríocht Aontaithe, réimse ina bhfuil an BCI ina chuid lárnach d'fhoireann idirbheartaíochta na hÉireann.

Bhí teagmháil ag an BCI leis an t-Údarás Iomaíochta faoi cheisteanna maidir le rialú agus úinéireacht a bhain leis an bpróiseas ceadúnúcháin DTT. Tá Meamram Comhaontaithe sínithe ag an gCoimisiún leis an t-Údarás Iomaíochta a éascaíonn comhoibriu idir an dá ghníomhaireacht agus a gcuid feidhmeanna rialúcháin faoi seach á ndéanamh acu.

Comhlachtaí Náisiúnta

Tá naisc leanúnacha ag an gCoimisiún le grúpaí tionscail ar nós Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann (IBI), An Cumann Raidió Pobail (CRAOL), an Cumann Teilifíse Pobail (CTA) Screen Producers Ireland (SPI) agus Cumann Léiritheoirí Neamhspleácha na hÉireann (AIRPI) atá nuabhunaithe.

I gcomhpháirt le Ofcom Northern Ireland, éascaíonn an Príomhfheidhmeannach cruinnithe den Television Broadcasters in Ireland Group (TBIG), ina bhfuil pearsanra sinsearach ó RTÉ, TV3, TG4, BBC NI agus UTV. I Mí Feabhra 2008, rinne UTV óstáil ar chruinniú den ghrúpa ag a gcuid stiúideonna i mBéal Feirste.

Tá ionadaíocht ag an gCoimisiún i gcónaí ar choiste an tsuirbhé Joint National Listenership Research (JNLR) agus faigheann sé faisnéis maidir le faoireoirí teilifíse go míosúil ó AGB Nielsen.

Comhlachtaí Idirnáisiúnta

I Mí na Samhna seo caite rinne bhí áthas ar an gCoimisiún óstáil a dhéanamh ar chruinniú den Léibheann na nÚdarás Rialúcháin san Eoraip (EPRA) i mBaile Átha Cliath. Bhí breis is 150 toscaire, a tháinig ó dhá scór de thíortha difriúla, ag freastal ar an gcruinniú agus bhí an t-aiseolas a fuarthas ó na rannpháirtithe ar aonghuth dearfach. Bhí an Coimisiún é féin tar éis freastal ar chruinniú i Latvia níos luaithe sa mbliain. Pléann cruinnithe EPRA nithe comhspéise do rialtóirí craolacháin ar fud na hEorpa ar nós cóid fógraíochta agus cláir, ceisteanna dlínse agus forbairt na craoltóireachta digitigh. .

Tháinigh neartú ar an gcaidreamh idir an Coimisiún agus ár gcomhleacaithe sa Ríocht Aontaithe, Ofcom, i rith na bliana. Tionóladh cruinniú i Mí Iúil chun ceisteanna feidhmiúcháin a phlé maidir leis an treoir AVMS. Ina theannta sin, tionóladh dhá chruinniú den ghrúpa um Astriú Digiteach (Digital Switchover Group), i gcomhpháirt lenár Ranna Rialtais faoi seach.

AN SCÉIM MHAOINIÚCHÁN CRAOLTÓIREACHTA

AN SCÉIM MHAOINIÚCHÁN CRAOLTÓIREACHTA

Oibríonn an BCI líon scéimeanna maoiniúcháin le tacaíocht a thabhairt chun cláir nua teilifíse aguis raidió a fhorbairt san earnáil chraolacháin in Éirinn. Tá treoirlínte leagtha síos ag an BCI a thugann cuntas ar na cineáil cláir gur féidir leo maoiniú a mhealladh, agus éilítear iarratais go rialta ó dhéantóirí cláir, de réir mar a tharlaíonn babhtaí nua maoiniúchain. Bhí ceithre phríomhréimse gníomhaíochta le linn 2008:

Sound & Vision

Scéim deontais is ea *Sound & Vision* a ceapadh chun tacaíocht a thabhairt chun cláir nua teilifíse agus raidió i réimsí chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann, agus i réimse na litearthachta d'aosaigh, a léiriu. I mbliana rinneadh leithdháileadh de bhreis is €10m ar chláir nua teilifíse agus raidió.

Teilifís

Fuarthas 133 iarratas ar dheontais don teilifís i 2008, agus dámhadh iomlán de €7.8m ar 53 iarratasóirí rathúil thar dhá bhabhta maoiniúcháin. Ba le haghaidh faisnéis staire a bhí an líon ba mhó iarratas. Bhí éileamh láidir do chláir faisnéise i nGaeilge chomh maith agus ina measc sin bhí 'An Páiste Beo Bocht', príomhscannán beathaisnéise ar lán-fhad faoin scríbhneoir Éireannach, Patrick Mac Gill.

Is cuid an-thábhachtach den scéim i gcónaí litearthacht d'aosaigh agus tugadh maoiniú substaintiúil do 'Written Off', clár an-rathúil faoi litearthacht d'aosaigh a craoladh níos luaithe sa mbliain.

I measc buaicphointí eile na bliana 2008 bhí an clár litearthachta do pháistí 'Funky Lingo' do DCTV; 'Out of Their Skin', sraith seó-cluichí bunaithe ar chroí-scileanna na hiománaíochta; agus 'Roy' sraith nuálach teilifíse bunaithe ar 'shaol' charachtar linbh cartúin a rugadh do 'fíor' theaghlach i mBaile Átha Cliath.

TÁBLA 1 – MAOINIÚ TEILIFÍSE

Teilifís	Iarratais a Fuarthas	Maoiniú Éilithe	Iarratais Rathúla	Maoiniúchan a Dámhadh
Dreas 5	50	€10.7m	24	€3.86m
Dreas 6	83	€17.7m	29	€4m
Iomlán	133	€28.4	53	€7.8m

Raidió Bhí rannpháirtíocht láidir i gcónaí ag an tionscal raidió sa scéim i 2008 agus iomlán de 390 iarratas curtha isteach a raibh 186 díobh rathúil agus fuair siad sin iomlán de €2.3m de thacaíocht maoiniúcháin. Ó na hearnálacha tráchtála agus pobail a tháinig an líon is mó iarratas. Ba chláir faisnéise 75% de na cláir a fuair maoiniú ach bhí an-éagsúlacht ag baint leo sin (na healaíona, beathaisnéis, cultúr, stair, ceol etc.), agus ar an gcaoi sin chuireadar ilchineálacht agus éagsúlacht leis na sceidil raidió.

I measc na gclár faisnéise a fuair maoiniúchán bhí 'The Place Where We Live' clár faisnéise do Raidió Corca Baiscinn, a rinne taifead den stair ó bhéal a bhaineann le logainmneacha in Iardheisceart an Chláir, i gcomhpháirt le páistí bunscoile áitiúla; agus 'The Wine Geese' a craoladh ar Lyric FM, clár faisnéise staire a d'fhéach ar an tionchar thar cuimse a bhí ag Éireannaigh ar fhorbairt thionscal na fíona ó Theitheadh na n-Iarlaí go dtí an lá ata inniu ann.

I measc buaicphointí eile na bliana bhí clár faoi litearthacht d'aosaigh a rinne Castlebar Community Radio; dráma nua do Newstalk 106-108 agus; roinnt clár nuálaíoch Gaeilge.

TÁBLA 2 – MAOINIÚCHAN RAIDIÓ

Raidió	Iarratais a Fuarthas	Maoiniú Éilithe	Iarratais Rathúla	Maoiniúchan a Dámhadh
Dreas 6	209	€4m	91	€1.1m
Dreas 7	181	€2.9m	95	€1.2m
Iomlán	390	€6.9	186	€2.3m

Scéimeanna Speisialta

Déantar maoiniúchán le haghaidh Scéimeanna Speisialta a leithdháileadh lasmuigh de ghnáthdhreasanna Sound & Vision agus é mar aidhm forbairt clár ar théamaí faoi leith a spreagadh nó chun mórócaidí nó ócáidí lena mbaineann tábhacht staire nó tábhacht chultúrtha faoi leith a chomóradh.

Faomhadh dhá scéim teilifíse den chineál sin i 2008:

Sraith de shé dhráma leathuaire Gaeilge le craoladh ar TG4 is ea 'BRAT', tionscnamh oiliúna agus forbartha a de chuid TG4 agus Greasán na Meán i gcomhpháirt, a forbraíodh trí cheardlanna Gaeilge do scríbhneoirí agus stiúrthóirí. Ghlac scríbhneoirí móra le rá, idir nua agus sean-bhunaithe, páirt sna ceardlanna, agus fuaireadar dian-oiliúint shainfheidhme sna scileanna agus sna struchtúir atá riachtanach chun scríobh don dteilifís.

'Cromwell: God's Executioner'
Tile Films

Tionscnamh ina raibh rannpháirtíocht ag craoltóirí teilifís pobail agus ag grúpaí pobail óna gceantair saincheadúnais faoi seach ab ea 'Community in a Studio'. Tugadh maoiniú don chomh-iarratas ó thrí stáisiún teilifís pobail éagsúil agus ó chomhlacht oiliúna pobail amháin, ag tabhairt aitheantais do bhunú na céad cainéil teilifís pobail in Éirinn, agus ag tapú an deis do dhá ghrúpa pobail déag leorstaidéar a dhéanamh ar céard a chiallaíonn teilifís pobail dóibh siúd agus dá n-eagraíochtaí.

Cartlannú ar Chraoltaí

Lean an obair ar aghaidh le linn 2008 ar scéim chun craoltaí a chartlannú agus cuireadh dréacht-scéim chun cartlannú a dhéanamh ar ábhar cláir faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag deireadh na bliana.

Agus an scéim sin thuas á dréachtadh, tionóladh cruinnithe agus comhairliúcháin leis na daoine is mó a meastar a a bhfuil baint acu le cartlannú ar chraolacháin in Éirinn. Bhí breis comhairliúcháin le comhlachtaí idirnáisiúnta agus rinneadh taighde freisin maidir le forbairtí teicneolaíochta sa réimse. Baineann príomhchuspóirí na scéime atá á moladh go sonrach le cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir le cartlannú, ag cur stóráil ábhair agus rochtain ar ábhar san áireamh freisin.

Athbhreithniú 2008

Nuair a bunaíodh an Scéim Mhaoiniúchán Craoltóireachta ar dtús, foráladh trí reachtaíocht go ndéanfaí athbhreithniú nuair a bheadh an scéim trí bhliana ar bun. Bhí sé mar chuspóir ag an athbhreithniú sin breithmheas a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar thionchar na scéime.

Críochnaíodh Céim 1 d'athbhreithniú dhá-chéime i 2008. I measc na ngníomhaíochtaí sa chéad chéim den athbhreithniú bhí: suirbhé ar leas-sealbhóirí; taighde faoi iarmhart na Scéime ar an dtionscal closamhairc; athbhreithniú ar oibríocht agus; roinnt taighde ar lucht éisteachta agus ar lucht féachana. Ceapadh na gníomhaíochtaí sin chun sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla a aimsiú ar an aschur cláir a maoiníodh, i dteannta tuairimí ginearálta maidir le taithí iarratasóirí ar an Scéim a bhailiú. Rinneadh iniúchadh freisin ar ról na Scéime maidir le fás agus forbairt a chothú laistigh den earnáil.

'Ceolchuairt'
Maga Media

'Kisses'
Fastnet Films

Léirigh torthaí an tsuirbhé gur chreid tromlach mór leas-sealbhóirí gur éirigh leis an Scéim na spriocanna a bhaint amach. Go foriomlán, chonacthas gur chuir an Scéim le hinfhaighteacht clár faoi chultúr, oidhreacht agus taithí mhuintir na hÉireann do lucht féachana agus éisteachta sa Stát.

Ceapadh creat do Chéim 2 den athbhreithniú, a bhaineann le leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Scéim, agus tosóidh sé sin go luath sa bhliain 2009.

'Ceolchuairt'
Maga Media

RAIDIÓ

RAIDIÓ

Bliain táirgiúil ab ea 2008 don BCI sa réimse ceadúnúchán raidió. I gcás raidió tráchtála, dámhadh trí cheadúnas nua ar 4FM, Radio Nova agus UCB, agus síníodh conarthaí leis an gcraoltóir náisiúnta, Today FM, agus leis na dhá sheirbhísí nua do dhaoine óga, i102-104 agus i105-107. Ó thaobh raidió pobail de, síníodh líon conarthaí do sheirbhísí pobail/pobal sainspéise, agus éilíodh léirithe spéise le haghaidh seirbhísí nua pobail. Dámhadh 31 conradh sealadach craolacháin fuaime le linn 2008, agus síníodh dhá chonradh cúig bhliana le seirbhísí raidió institiúide. Is mar seo a leanas a bhí na príomhréimsí gníomhaíochta le linn 2008:

Raidió Tráchtála (FM)

I Mí Eanáir, dhámh an Coimisiún an chéad Seirbhís Ilchathrach FM ar **4FM** chun seirbhís cheoil a sholáthar dírithe ar éisteoirí sa chatagóir 45+ bliana d'aois. Táthar ag súil go gcríochnófar idirbheartaíocht conartha i Mí Feabhra 2009 agus go dtosóidh an tseirbhís ag craoladh go gairid ina dhiaidh sin i limistéar Chathair, Chontae agus chrios coimitéarachta Bhaile Átha Cliath, Cathair agus Contae Chorcaí, Cathair agus Contae Luimní, Co. an Chláir agus Cathair agus Contae na Gaillimhe.

I Mí Meán Fómhair dhámh an Coimisiún ceadúnas deich mbliana ar **Raidió Nova** chun seirbhís Rac-cheol Claisiceach a sholáthar a chlúdóidh Cathair, Contae agus Crios Coimitéarachta Bhaile Átha Cliath. Tá idirbheartaíocht conartha ar bun faoi láthair.

I Mí Márta, shínigh an Coimisiún conradh deich mbliana le **Today FM** chun seirbhís náisiúnta raidió a sholáthar dírithe ar dhaoine san aoisghrúpa 20 – 44 ar an mbanda FM. Bhí conradh deich mbliana ag Today FM roimhe seo maidir leis an tseirbhís sin.

I Mí Eanáir shínigh an Coimisiún conradh deich mbliana le **i102-104 FM** chun seirbhís réigiúnda do dhaoine óga a sholáthar d'iarthuaisceart na hÉireann. Dírithe ar dhaoine óga ó 15-34 bliana d'aois, clúdaíonn an tseirbhís contaetha na Gaillimhe, Mhuigheo, Longfort, Ros Comáin, Sligeach, Liatroma agus Dún na nGall. Thosaigh an stáisiún ag craoladh i Mí Feabhra.

Shínigh an Coimisiún conradh deich mbliana freisin le **i105-107 FM** chun seirbhís réigiúnda dírithe ar dhaoine óga i lár na tíre agus in oirthuaisceart na hÉireann a sholáthar. Clúdaíonn an tseirbhís Contaetha Lú, na Mí, an Chabháin, Muineachán, Cill Dara, Uibh Fhailí, Contae na hIarmhí, agus Oirthuaisceart Laoise. Thosaigh an stáisiún ag craoladh i Mí na Samhna.

I Mí Eanáir cheadaigh an Coimisiún iarratas ó **United Christian Broadcasters Limited** le haghaidh seirbhís digiteach raidió Críostaí ar chábla-MMD, agus tá idirbheartaíocht conartha ar bun faoi lathair. Ta an grúpa sin ag oibriú seirbhíse den chineál céanna ar shaitilít, tar éis dóibh conradh trí bhliana a shíniú leis an gCoimisiún i Mí Iúil 2007.

Síniú conartha Today FM

Raidió Pobail

I Mí Eanáir shínigh an Coimisiún dhá chonradh deich mbliana craolachán fuaime le **Raidió Corca Baiscinn** (Raidió Pobail Iardheiscirt an Chláir) agus le **Tipperary Mid West Radio**. Bhí conarthaí cúig bhliana ag an dá stáisiún roimhe sin leis an gCoimisiún. Sa chonradh nua le Tipperary Mid West Radio, áfach, rinneadh cónascadh dá chuid limistéir saincheadúnais leosan de Cashel Community Radio, seirbhís eile a bhí ann roimhe sin. Cheadaigh an Coimisiún chomh maith athcheadúnú cheithre sheirbhís raidió pobail atá ann i gcónaí a chlúdsaíonn Iarthar Bhaile Átha Cliath, Iarthar Luimní, baile agus dúiche Ros Comáin agus agus Baile Dhún Dealgan.

I Mí Márta shínigh an Coimisiún conradh craolachán fuaime deich mbliana do phobal sainspéise le **Life FM**. Soláthraíonn an stáisiún seirbhís cheoil go príomha don phobal Críostaí i gCathair Chorcaí, agus é mar aidhm aige grúpaí éagsúla a aimsiú, ag cuimsiú náisiúntachtaí, cultúir agus cúlraí éagsúla Críostaí.

I Mí na Samhna d'fhill **Community Radio Youghal** ar ais ar an aer, tar éis dóibh conradh nua deich mbliana a shíniú leis an gCoimisiún. Tháinig deireadh leis an gconradh a bhí acu roimhe sin I Mí Dheireadh Fómhair 2007. Craolann an stáisiún chuig baile Eochaille agus chuig an gceantar máguaird.

I Mí na Samhna d'fhógair an Coimisiún go raibh sé ar intinn aige iarratais a éileamh le haghaidh sé sheirbhís pobail agus pobal sainspéise nua le linn 2009, agus go raibh sé ar intinn aige athcheadúnú a dhéanamh ar cheithre sheirbhís atá ann i gcónaí ach a bhfuil a gconarthaí ar tí dhul in éag le linn 2009/2010. I measc na seirbhísí nua beidh dhá cheann do Dhún na nGall (Inis Eoghain agus Iardheisceart Dhún na nGall), agus dhá cheann i Meán-Iarthar na tíre (Luimneach Thoir agus Sionainn) agus ceann amháin in Áth Luain.

Seirbhísí Pobail agus Pobal Sainspéise atá á Moladh:

RAIDIÓ POBAIL GEOGRAFACH	POBAL SAINSPÉISE
1. Iarthar Bhaile Átha Cliath (ann cheana féin) 2. Iarthar Luimní (ann cheana féin) 3. Baile agus dúiche Ros Comáin (ann cheana féin) 4. Baile agus dúiche Dhún Dealgan (ann cheana féin) 5. Oirthear Luimní 6. Iardheisceart Dhún na nGall 7. Baile agus dúiche Átha Luain 8. Inis Eoghain 9. Baile agus dúiche na Sionna	1. Pobal na mac léinn i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath(UCD).

Seirbhísí Sealadacha / Institiúide

Seirbhísí Sealadacha

Is féidir conarthaí sealadacha craolacháin fuaime a dhámadh ar institiúidí éagsúla, a cheadaíonn dóibh craoladh ar feadh suas go dtí 30 lá in aon tréimhse dhá mhí déag. De ghnáth dámhtar na conarthaí seo ar ghrúpaí oideachasúla, grúpaí spóirt agus ar ghrúpaí eile le haghaidh ócáidí speisialta. Is féidir conarthaí sealadacha craolachán fuaime a dhámhadh ar bhonn píolótach do ghrúpaí pobail a bhfuil spéis acu stáisiún pobail lánaimseartha a bhunú amach anseo. I rith na bliana dhámh an BCI 31 conradh sealadach ar ghrúpaí ar fud na tíre, ina measc **Scouting Ireland** le haghaidh jamboree na bliana 2008, **South West Donegal Community Radio**, le haghaidh stáisiún raidió pobail píolótach, agus **Christmas Radio Limited**, le haghaidh stáisiún raidió séasúrach a bhí ag craoladh ar mhaithe le carthanachtaí.

Seirbhísí Institiúide

Is féidir le hinstitiuidí ar nós coláistí agus ospidéil iarratais a dhéanamh ar chonarthaí craolachán fuaime níos fad-téarmaí. Rinne **Ospidéal Ollscoil Chorcaí** agus **Ospidéal Réigiúnda an Mheán-Iarthair Luimneach** conarthaí nua cúig bhliana leis an gCoimisiún i Mí Bealtaine. Tá trí ospidéal eile ag oibriú seirbhisí craolachán fuaime institiúide faoi láthair. Is iad sin Ospidéal Naomh Íde, Contae Bhaile Átha Cliath, Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae, Baile Átha Cliath agus Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas.

TEILIFÍS

TEILIFÍS

Bhí cineáil éagsúla oibre maidir le ceadúnúchán teilifíse ar siúl ag an gCoimisiún le linn 2008. Chomh maith le conradh nua deich mbliana a shíniú le TV3 Network Limited, rinne an Coimisiún sé chonradh ábhair do sheirbhísí Cábla-MMD agus do sheirbhísí saitilíte, mar a fhoráltar san Acht Craolacháin 2001. Lean an Coimisiún ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn i dtaobh 'Eolairí Leictreonacha Clár'(EPG). Laistigh den réimse ceadúnúchán teilifíse, ba iad seo a leanas na príomhréimsí gníomhaíochta:

Teilifís Digiteach Trastíre (DTT)

Faoi láthair in Éirinn, faightear seirbhísí teilifíse ar cheann de cheithre bhealaí: le comhartha analógach, le córas cábla, le MMD nó le saitilít. Tá seirbhísí craolacháin digiteacha (le cábla, MMD agus córais saitilíte) ar fáil go forleathan in Éirinn ó dheireadh na naochaidí i leith, ar bhonn síntiúis, ó líon áirithe soláthróirí seirbhíse.

Seisiún faisnéise don phreas

Léiríonn na figiúirí is déanaí atá curtha ar fáil ag an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) go bhfaigheann 25% de theaghlaigh na hÉireann teilifís ar bhonn saorchraolta le comhartha analógach, agus go bhfaigheann 75% rochtain ar theilifís a íoctar as, via cábla, MMD nó córais saitilíte.
(Foinse: Irish Communications Market, Quarterly Key Data Report, Q4, 2008. Márta 2009)

Tá comhaontú déanta ag an Aontas Eorpach (AE) i measc a bhallstáit go gcuirfear deireadh le seirbhisí analógacha a tharchur timpeall na bliana 2015, agus go mbeidh iompú iomlán déanta ag tíortha san Éoraip faoin am sin go theilifís trí mheáin digiteacha. In Éirinn, is í an tosaíocht náisiúnta a chinntiú

go mbeidh Teilifís Digiteach Trastíre (DTT) bunaithe mar léibheann digiteach breise a bheidh ar fáil ag an bpobal, agus go leanfar ar aghaidh i dtaobh na ndaoine sin in Éirinn a fhaigheann teilifís náisiúnta trastíre ar bhonn saorchraolta, analógach, go mbeidh rogha neamh-íocaíochta fós acu na seirbhísí sin a fháil sa todhchaí.

Tá baint ag líon áirithe gníomhaíochtaí le DTT a chur i bhfeidhm, ina measc an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, RTÉ, ComReg agus an BCI. Tá freagracht faoi leith ar an BCI i dtaobh oibritheoirí ilphléacs tráchtála DTT a cheadúnú, agus leis sin a chinntiú go mbeidh teacht go leanúnach seirbhísí agus ábhar cláir sa ré digiteach ó thaobh éagsúlachta de. Go leithleach, de réir reachtaíochta, tá ilphléacs singil teilifíse sannaithe do RTÉ, a bhunóidh sé agus a reáchtáilfidh sé go neamhspleách ar sheirbhísí ceadúnaithe ag an BCI, ag comhlíonadh a chuid téarmaí tagartha seirbhise poiblí.

Tar éis obair shuntasach a dhéanamh ar bheartais a fhorbairt le linn 2007, sheol an Coimisiún a Bheartas Ceadúnúcháin Ilphléacs DTT i Mí Feabhra 2008. Is é an sprioc atá luaite leis an mbeartas sin 'gach beart rialúcháin a dhéanamh, laistigh de théarmaí tagartha an Choimisiúin, le bunú, cothú agus oibriú léibheann teilifíse digitigh trastíre sa Stát a chumasú, an oiread agus is féidir, sula ndéantar an múchadh analógach'.

Thosaigh an próiséas ceadúnúcháin do na trí chonarthaí ilphléacs tráchtála i Mí Márta. Éascóidh conarthaí a éiríonn as an bpróiséas sin soláthar íosmhéid de cheithre sheirbhís is fiche nua teilifíse. Fuarthas iarratais ó thrí chuibhreannas le haghaidh conarthaí ilphléacs tráchtála: Boxer DTT Limited, Easy TV agus One Vision. Rinne gach ceann de na trí ghrúpaí cur i lathair poiblí i Mí Bealtaine ag cur síos ar a bpleananna chun DTT a sholáthar. Tar éis breithniú sonraithe a dhéanamh ar gach iarratas ag cruinniú Boird an BCI i Mí Iúil, dámhadh na conarthaí ar Boxer DTT Limited. Bhí dian-idirbheartaíocht conartha idir Boxer agus an BCI le linn an Fhomhair agus bhíothas ag súil go leanfadh an idirbheartaíocht sin ar aghaidh sa chéad ráithe i 2009 sula bhfeadfaí conradh a shíniú.

Teilifís Saitilíte agus Cábla MMD

I Mí Márta shínigh an Coimisiún trí chonradh nua cúig bhliana le **ESPN** le haghaidh seirbhísí ábhar saitilíte a sholáthar d'Éirinn agus don RA, do Mhór-Roinn na hEorpa agus don Mheán-Oirthear. Roimhe seo bhí dhá cheann de na seirbhísí sin, Éire & an RA agus Mór-Roinn na hEorpa á n-oibriú ag NASN ar chonradh trí bhliana leis an gCoimisiún. Tar éis do ESPN Media Limited seilbh a ghabháil ar NASN, rinneadh conradh breise leis an tseirbhís a chur ar fáil sa Mheán-Oirthear.

I Mí na Samhna rinne an Coimisiún conradh deich mbliana le City Channel chun seirbhís ábhar cábla a sholáthar i gCorcaigh, Luimneach agus i mór-limistéar na Mumhan. Leis an stáisiún nua sin, **Channel South,** is ceithre chonradh ábhar cábla an líon iomlán conarthaí atá déanta ag an gCoimisiún le City Channel Limited.

I Mí na Nollag rinne an Coimisiún conradh deich mbliana le City Channel Eastern Europe Limited (atá cleamhnaithe le City Channel) chun seirbhís ábhar cábla a sholáthar, agus an lucht féachana ó Oirthear na hEorpa a bhfuil cónaí orthu i mBaile Átha Cliath mar sprioclucht féachana. Beidh an cainéal nua, **City 7,** ar fáil ar léibheann digiteach **UPC** agus tairgeoidh sé cláir nideán-dírithe mar chuid mhór dá aschur, réimsí ar nós sláinte, ceol, tiomáint agus stíl beatha san áireamh.

Síniú conartha UPC

Ceadaíodh dhá iarratas eile do sheirbhísí nua cábla le linn 2008. Bhí iarratas ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, ar chainéal oideachasúil teilifíse, ar cheann acu. Cheadaigh an Coimisiún an t-iarratas sin i bprionsabal agus tá idirbheartaíocht maidir leis leis an gconradh ar siúl faoi láthair. Fuarthas iarratas freisin ó EUCALL Ltd, le haghaidh cainéal teilifíse don Ghaeilge agus don oidhreacht chultúrtha.

I Mí Dheireadh Fómhair rinne an Coimisiún conradh le **UPC** Communications Ireland Limited chun cainéal a sholáthar le táirgí UPC a chur chun cinn dá chustaiméirí reatha. Chomh maith le táirgí agus seirbhísí UPC a chur chun cinn tugann an cainéal nua faisnéis faoi conas cuid de na tairgí sin a úsáid, an Fístaifeadán Digiteach (DVR), mar shampla.

Eolairí Leictreonacha Clár

De réir mar a fhorbraíonn an comhshaol craolacháin agus go mbíonn níos mó is níos mó cainéal ar fáil ag an bhfaireoir, 'sé is ábhartha a éiríonn Eolairí Leictreonacha Clár nó EPG. Eolaire ar an scáileán do chláir sceidealaithe is ea Eolaire Leictreonach Cláir (EPG) a chuireann ar chumas faireora ábhar a fheiceáil, a roghnú agus a aimsiú de réir ábhair, teidil, cainéil, seánra, etc. Ag deireadh na bliana 2007 d'fhoilsigh an Coimisiún a bheartas ceadúnúcháin i dtaobh Eolairí Leictreonacha Clár *(Beartas Ceadúnúcháin EPG)* de réir na gceangaltas san Acht Craolacháin 2001. Baineann an beartas leis an ábhar craolacháin ar fad atá ar fáil le EPG, ach amháin craolacháin digiteacha raidió, agus leagann sé amach an cur chuige a ghlacfar maidir le ceadúnú agus dámhadh conarthaí ar sholáthróirí nua agus ar sholáthróirí atá ann anois in Éirinn. I rith na bliana rinne an Coimisiún obair shuntasach maidir le treoirlínte d'iarratasóirí ionchasacha agus dréacht-chonradh a cheapadh.

Teilifís Náisiúnta

I Mí Meán Fómhair shínigh an Coimisiún conradh nua le TV3. Tá an stáisiún ag craoladh ó 1998 i leith agus mairfidh an conradh nua go dtí 2018, agus rogha athnuachana cúig bhliana eile aige, faoi réir choinníollacha áirithe.

Síniú conartha TV3

COMHLÍONADH

COMHLÍONADH

Tá an BCI freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann craoltóirí Éireannacha réimse oibligeáidí reachtúla agus conarthacha. Leagann *Beartas Comhlíontachta an BCI* amach creat, cuspóirí agus scóip shaothar an Choimisiúin maidir leis sin. Déantar plean comhlíontachta ó bhliain go bliain a leagann amach na gníomhaíochtaí comhlíontachta atá beartaithe ag an BCI i rith na bliana. Déanann foireann as Rannóga Craoltóireachta agus Innealltóireachta an BCI na gníomhaíochtaí comhlíontachta agus cuirtear an obair i bhfeidhm ar réimse slite éagsúla.

Athbhreithnithe Bliantúla ar Fheidhmiúlacht

Cuireann athbhreithnithe bliantúla ar fheidhmiúlacht faisnéis ar fáil maidir le húinéireacht agus rialú, foireann, acmhainní, cláir agus comhlíonadh teicniúil. Tugann na tuairiscí a bhíonn mar thoradh orthu taifead leanúnach ar fheidhmiúlacht chonraitheoirí, agus is foinse úsáideach iad chun forbairtí agus treochtaí i dtionscal na craoltóireachta a leanúint. Tugadh isteach struchtúr nua féin-tuairisciú le haghaidh Athbhreithnithe Bliantúla ar Fheidhmiúlacht i 2008. Go foriomlán, léiríonn tuairiscí go bhfuil an earnáil craolacháin i gcoitinne comhlíontach i gcónaí.

Céim 1 de phróiséas chun comhaid phoiblí a bhunú do gach craoltóir ábhartha

Faoi láthair, tá an BCI i mbun próiséis chéimithe chun comhad poiblí a chruthú do gach stáisiún, ina mbeidh faisnéis a bhaineann le gach gné de chomhlíontacht stáisiúin, seachas ábhar atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó atá faoi rún. Cuireadh Céim 1 den phróiséas sin i bhfeidhm le linn 2008. Tá comhaid phoiblí bunaithe do gach craoltóir raidió tráchtála. Tá na comhaid sin ar fáil ach iad a éileamh.

Athbhreithnithe ar Ábhar Cláir

Mar chuid den bpróiséas monatóireachta, tá ceangaltas ar chonraitheoirí taifid dá n-aschur craolacháin agus ábhar eile a bhaineann a chur faoi bhráid an BCI ar iarratas. Le linn 2008, rinne an Coimnisiún roinnt athruithe ar an mbealach ina ndéanann sé athbhreithnithe ar ábhar cláir. Leathnaíodh an fócas chun scrúdú a dhéanamh ar pháipéarachas stáisiúin chomh maith le taifid, agus méadaíodh scóip fhoriomlán an athbhreithnithe ó lá amháin go dtí seachtain amháin. Sa gcomhthéacs sin, tháinig méadú suntasach ar an líon uaireanta a ndearnadh monatóireacht orthu ó tuairim is 2,000 i 2007 go dtí breis is 8,000 i 2008. Cuireadh nádúr an phróiséas athbhreithnithe in oiriúint ionas go bhféadfaí déileáil leis an líon méadaithe sin laistigh de na hacmhainní atá ann faoi láthair.

D'éascaigh an cur chuige leasaithe sin níos mó solúbthachta maidir le formáidí inghlactha taifeadadh. Mar sin féin, bíonn deacrachtaí ag craoltóirí áirithe ábhar a sholáthar mar a éilítear agus cuireadh sárú tromchúiseach in

iúl do chraoltóir amháin de bharr gur theip air taifid a chur faoin ár mbráid. Réitíodh an cheist sin go sásúil.

Is féidir achoimre mar seo a leanas a dhéanamh ar cheisteanna comhlíontachta a d'éirigh as an monatóireacht a rinneadh ar thaifid le linn 2008:

Nuacht agus Cúrsaí Reatha

Áiríonn riachtanais Nuachta agus Cúrsaí Reatha do chraoltóirí ceadúnaithe de réir an Achta Raidió agus Teilifíse, 1988, íosmhéid de dhá uair an chloig d'ábhar nuachta idir 7am agus 7pm, agus 20% i rith an lae iomlan craoltóireachta. Ní mór do chraoltóirí a chinntiú freisin go ndéantar an tuairisciú sin ar bhealach atá oibiachtúil, neamhchlaonta, cóir agus cothrom, agus nach gcuireann sé isteach go míréasúnach ar phríobháideachas dhuine aonair. Le linn 2008, d'oibrigh formhór na stáisiún i gcomhlíontacht leis na riachtanais sin. Níor eisíodh ach fógra amháin faoi shárú tromchúiseach amháin, a d'éirigh de bharr gearán mar gheall ar an gclár 'Your Call' ar Newstalk.

Fógraíocht, Urraíocht agus Cur Chun Cinn Tráchtála

Tá sé ceadaithe do chraoltóirí uasmhéid de 10 nóiméad fógraíochta a chraoladh san uair, agus tá teorainn de 6 nóiméad san uair ar chraoltóirí pobail. Ní mór do chraoltóirí freisin réimse leathan forálacha agus cód reachtúla a chomhlíonadh maidir le hábhar fógraíochta. Bhí comhlíonadh na dteorainneacha maidir le huasmhéid ama fógraíochta ina cheist i gcónaí le linn 2008. Sháraigh aon chonraitheoir raidió tráchtála déag a dteorainneacha maidir leis an uasmhéid ama, agus eisiódh líon áirithe fógraí sáruithe conartha ar chonraitheoir teilifíse cábla amháin. Bhí neamh-chomhlíontacht leis an gCód Ginearálta Fograíochta seachas díolachán iomarcach spotaí fógraíochta ina mhór-ábhar maidir leis an méid sin. Tháinig ceist chun tosaigh i Mí na Samhna i dtaobh socruithe urraíochta a bhí i bhfeidhm don chlár 'The Apprentice' ar TV3. Bhí plé mar gheall ar an ábhar sin fós ar siúl ag deireadh na bliana.

Comhlíontacht i gCoitinne maidir le Cláir

Tugann craoltóirí ceadúnaithe de réir Achta na bliana 1988 réimse gealltanas maidir le cláir agus tá siad sin ináirithe ina gconarthaí craolacháin. Bhí comhlíonadh na mbeartas ginearálta agus na ngealltanas maidir le ceol Éireannach ina cheist ag líon áirithe craoltóirí raidió tráchtála le linn 2008. Rinneadh na staisiúin ábhartha teagmháil dearfach leis an gCoimisiún, áfach, agus chomhaontaíodh céimeanna chun aghaidh a thabhairt ar réimsí ina raibh deacrachtaí. I gcoitinne, tháinig méadú ar leibhéal na comhlíontachta i rith na bliana seo caite mar thoradh ar theagmháil dearfach den chineál sin.

An Treoir 'Teilifís gan Teorainneacha' (TWF)

Éilíonn Alt 4 den Treoir TWF ar Bhallstáit a chinntiú go bhforchoimeádann craoltóirí laistigh dá ndlínsí an chuid is mó dá n-am tarchuir (50%+) do shaothar Eorpach. Éilíonn Alt 5 ar Bhallstáit a chinntiú go gcaitheann craoltóirí ar a laghad 10% dá mbuiséid cláir nó 10% dá n-am craoltóireachta ar shaothar Eorpach atá léirithe go neamhspleách.

Is iad TV3 agus Channel 6 (anois 3e) fós na dhá stáisiún ceadúnaithe ag an gCoimisiún nach mór dóibh Alt 4 agus Alt 5 den Treoir TWF a chomhlíonadh. I 2008, thaispeáin an monatóireacht gur sholáthraigh TV3 49% de shaothar Eorpach (nuacht, cúrsaí reatha agus spórt as an áireamh) agus 12% de shaothar Eorpach a léiríodh go neamhspleách. Rinne an líon clár de chuid TV3 a léiríodh in Éirinn 26.4% d'aschur an stásiúin. Ba 42% an figiúr do shaothar Eorpach ar Channel 6. Tá an rogha déanta ag Channel 6 Alt 5 den Treoir TWF a chomhlíonadh bunaithe ar a bhuiséad cláir. Déanfar a chomhlíontacht a mheasúnú nuair a bheidh an fhaisnéis riachtanach airgeadais don bhliain ar fáil.

Cuairteanna agus iniúchtaí ar an láthair

Ní mór do gach craoltóir ceadúnaithe cloí leis na coinníollacha teicniúla atá leagtha síos ina gconarthaí agus tá réimse tástálacha ceaptha ag an gCoimisiún a dhéanann sé ar gach tarchuradóir ceadúnaithe ar sceideal rollach. Le linn 2008 rinneadh iniúchtaí teicniúla ar 125 stáisiún tarchuradóra raidió agus ar 10 stáisiún tarchuradóra teilifíse. Mar thoradh ar na hiniúchtaí sin, eisíodh seacht bhfógra sáraithe ar chonarthaí. Chuir an Rannóg Innealltóireachta tástáil inghlacthachta i gcríoch ar ar an dá líonra tarchuir réigiúnach iRaidió. Chuir Today FM, Newstalk, LMFM, Tipp FM agus Midlands Radio 3 feabhas ar ghlacadh trí stáisiúin tarchuradóra breise a chur i bhfeidhm. Ag deireadh na bliana 2008, bhí iomlán de 256 stáisiún tarchuradóra ar an aer. Críochnaíodh obair phleanála don tseirbhís 4FM ionas go bhféadfadh an stáisiún tosú ag craoladh i Mí Feabhra 2009.

Measúnu ar mholtaí i dtaobh athruithe ar chonarthaí

Le linn 2008 fuair an BCI líon suntasach iarratas ar athruithe ar chonarthaí i reimse na hÚinéireachta agus Rialaithe agus i réimse na Ráiteas Beartas Cláir:

Úinéireacht agus Rialú

I measc na bpríomh díolachán agus ceannachán le linn 2008 bhí:

- Díol Highland Radio le Orangold Limited
- Díol Channel 6 (anois 3e) le TV3
- Leas substaintiuil á cheannach ag TVC Holdings i UTV agus dá bharr sin sna cúig conraitheoirí raidió atá á rialú ag UTV (FM104, Limerick's Live 95, Q102, Cork 96FM/C103 agus LMFM)

I gcásanna áirithe, bhí faomhadh an Údaráis Iomaíochta de dhíth i dtaobh na n-idirbheart. Fuair gach ceann acu faomhadh ón gcomhlacht sin.

Ráitis Beartas Cláir (PPS)

Breithníonn an Coimisiún moltaí i dtaobh athruithe agus tagairt á dhéanamh do thrí chritéar: An chaoi a bhféadfadh an moladh tionchar a bheith aige ar tiomantais PPS; an chaoi ina bhféadfadh sé tionchar a bheith aige ar éagsúlacht na seirbhísí atá ar fáil sa cheantar; agus an chaoi a bhféadfadh sé tionchar a bheith aige ar inmharthanacht na seirbhíse, nó seirbhísí eile, sa cheantar.

Tháinig ceisteanna comhlíontachta chun solais i dtaobh líon áirithe conraitheoirí raidió de bharr nósanna imeachta monatóireachta nua a cuireadh i bhfeidhm i 2008, agus mar thoradh cuireadh moltaí i dtaobh athruithe faoi bhráid an BCI. Sampla amháin is ea an moladh a rinne Newstalk agus Today FM maidir le cuid dá n-acmhainní nuachta a roinnt. Dhiúltaigh an Coimisiún é sin i Mí Meitheamh. Faomhadh moladh athbhreithnithe ag deireadh na bliana, áfach. Mar sin féin eisíodh fógraí sáraithe conartha tromchúiseacha ar an dá stáisiún toisc gur chuireadar an moladh sin i bhfeidhm gan é a bheith ceadaithe roimh ré ag an gCoimisiún.

Bhreithnigh agus cheadaigh an Coimisiún athruithe ar ghealltanais clár na stáisiún seo a leanas le linn 2008:

- Midlands Radio 3 (Tiomantais i leith Beartas Ginearálta Ceoil agus Scar-rogha)
- Beat FM (Ginearálta agus tiomantais maidir le Ceol Éireanach)
- Ocean FM (Tiomantais i dtaobh na Gaeilge)
- Today FM agus Newstalk (Tiomantais maidir le Nuacht agus Cúrsaí Reatha)
- Clare FM (Tiomantais Scar-rogha)
- Tipp FM (Tiomantais maidir le craoladh taistil)

Fíorú Faisnéise atá curtha isteach ag Conraitheoirí

Faigheann agus fíoraíonn an Coimisiún faisnéis go rialta ó chonraitheoirí maidir le hathruithe ar ghnéithe de chonarthaí ina seilbh, ina measc réimsí ar nós cláir agus rialú agus úinéireacht. Tá an próiséas sin tábhachtach toisc gur féidir leis aird a tharraingt ar an riachtanas go gcuirfeadh stáisiúin moladh foirmeálta faoi bhráid an Choimisiúin, ag éileamh go gceadófaí na hathruithe sin.

Iniúchtaí

Is féidir le hiniúchtaí díriú ar aon réimse ábhartha de ghníomhaíochtaí chonraitheora, ach ní úsáidtear an mheicníocht sin ach amháin i gcás go n-éiríonn ceist nó údar imní tromchúiseach maidir le comhlíontacht. Ní dhearnadh aon iniúchtaí le linn 2008.

Cinntí an Choimisiúin um Ghearáin Craolacháin

Le linn 2008 sheas an Coimisiún um Ghearáin Craolacháin le gearáin i gcoinne líon áirithe de chonraitheoirí an BCI agus chuir an BCI in iúl dóibh gur sháraíodar a gconarthaí. Foilsíodh gach cinneadh ar láithreán gréasáin an BCC.

CÓID AGUS CAIGHDEÁIN

CÓID AGUS CAIGHDEÁIN

Tar éis na cóid nua a chur i bhfeidhm i 2007, bhí gníomhaíochtaí i dtaobh Cód agus Caighdeán le linn 2008 dírithe ar na cóid sin a chur i bhfeidhm agus ar athbhreithniú a dhéanamh ar na cóid sean-bhunaithe a forbraíodh de réir Acht Craolacháin na bliana 2001. Ina theannta sin, rinne an Coimisiún a chuid Treoirlínte Reifrinn a nuashonrú agus cuireadh i bhfeidhm iad i gcomhthéacs an reifrinn faoi Chonradh Liospóin. Mar chríoch, thosaigh obair ullmhúcháin ar Chód Cothroime, Neamhchlaontachta agus Oibiachtúlachta i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha. Is mar seo a leanas a bhí na príomhréimsí gníomhaíochta le linn 2008:

Cód Fógraíochta an BCI do Pháistí

I rith na bliana, rinne an Coimisiún an chéad chuid d'athbhreithniú dhá-chéime ar Chód Fógraíochta an BCI do Pháistí. I measc gníomhaíochtaí na céad-céime bhí suirbhé náisiúnta poiblí, comhairliúchán le sprioc ina raibh rannpháirtíocht ag an bpobal i gcoitinne (páistí san áireamh), craoltóirí, fógróirí agus grúpaí ionadaíochta leanaí; anailís ar threochtaí sa bhfógraíocht agus; athbhreithniú ar rialúchán reachtúil agus neamh-reachtúil ar fhógraíocht do pháistí ó 2003 i leith. Ina theannta sin, scrúdaigh an Coimisiún leibhéil chomhlíontachta, gearáin leis an BCC agus ceisteanna feidhmiúcháin.

Bhreithnigh an Coimisiún torthaí na céad céime den athbhreithniú i Mí Bealtaine agus cuireadh tuarascáil faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Níos deireannaí sa bhliain 2008, bhain an Coimisiún amach comhaontú maidir le modheolaíocht agus creat ama don dara chéim den athbhreithniú. Eiseofar Ráiteas ar Thorthaí go poiblí i 2009 maidir leis an gcéad chéim den athbhreithniú i dteannta breac-chuntas ar an gcur chuige a ghlacfar don dara chéim.

Cód Ginearálta Fógraíochta an BCI agus Cód Chaighdeán Cláir an BCI

Ba ghníomhaíocht leanúnach cur i bhfeidhm Chód Ghinearálta Fógraíochta an BCI agus Cód Chaighdeán Cláir an BCI (ar tugadh isteach an dá cheann acu i 2007), le linn 2008. Chuir an BCI comhairle agus treoir ar fáil maidir leis an dá chód.

Bhain an chuid ba mhó ar fad de na fiosrúcháin a fhreagair an Coimisiún le Cód Ginearálta Fógraíochta an BCI. I Mí Aibreán, d'eagraigh an Coimisiún ceardlann le craoltóirí chun deis a thabhairt dóibh cuntas a thabhairt ar dheacrachtaí feidhmiúcháin a d'éirigh tar éis an Cód a thabhairt isteach. Thug an ceardlann an deis don Choimisiún freisin tuairimí a bhailiú agus chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí sin den chód ina raibh fadhbanna comhlíontachta. Tabharfaidh torthaí na ceardlanna agus an chomhairle a tugadh maidir leis an gCód eolas i dtaobh na nótaí treoir athbhreithnithe a eiseofar i 2009. Mar chríoch, chabhraigh tabhairt isteach uirlise r-foghlama a

bhí dírithe go sonrach ar Chód Ginearálta Fógraíochta an BCI leis an gCód a chur i bhfeidhm.

Rialacha Rochtana an BCI

Ba 2008 an tríú bhliain ó tugadh isteach Rialacha Rochtana an BCI. Leagann na rialacha sin síos spriocanna agus creataí ama do chraoltóirí in Éirinn fotheidealú, reacaireacht fuaime agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar ionas go bhfeabhsófar an tuiscint agus an taitneamh a fhaigheann daoine a bhfuil míchumas céadfach orthu as an dteilifís. De réir ghealltanas an Choimisiúin tar éis na rialacha seo a chur i bhfeidhm, chomhaontaigh an Coimisiún plean chun athbhreithniú a dhéanamh ar Rialacha Rochtana an BCI. Mar achoimre, is iad na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheidh i gceist leis an athbhreithniú sin:

- Cruinnithe réamh-chomhairliúcháin agus cruinnithe leas-sealbhóirí le craoltóirí agus le grúpaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann daoine sa lucht féachana a úsáideann seirbhísí rochtana.
- Taighde a scrúdaíonn: na forbairtí is déanaí teicneolaíochta; ceisteanna eacnamaíochta agus acmhainní daonna; forbairtí maidir le seirbhísí rochtana a rialú; agus iniúchadh ar chaighdeán na seirbhísí rochtana.
- Athbhreithniú ar chomhlíonadh.

Beidh an t-athbhreithniú á dhéanamh i 2008 agus 2009 agus beidh níos mó comhairliúcháin i gceist i gcás go gcineann an Coimisiún gur chóir na Rialacha a leasú.

I mbliana freisin síneadh na rialacha le go n-áireofaí riachtanais Rochtana i dtaobh dhá chraoltóir teilifís pobail: DCTV (Cathair Bhaile Átha Cliath) agus P5TV (An Uaimh). Mar thoradh, tháinig méadú go 12 ar an líon craoltóirí teilifíse a bhfuil oibligeáidí orthu de réir na Rialacha Rochtana.

Mar chríoch, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhlíontacht craoltóirí maidir leis na rialacha don tréimhse 2006-2007 agus thaispeáin an measúnú sin gur comhlíonadh na rialacha den chuid is mó.

Treoirlínte Reifrinn

Rinne an BCI nuashonrú ar na treoirlínte reifrinn agus tugadh treoir do chraoltóirí maidir le tuairisciú ar an reifreann faoi Chonradh Liospóin agus leasuithe bunreachtúla a bhain. Bhí na treoirlínte i dtaobh an reifrinn difriúil ó threoirlínte a tugadh cheana ar go leor slite: síneadh an tréimhse moratóra

le go n-áireofaí an lá ar fad roimh an vótáil náisiúnta; tugadh isteach cur chuige i dtaobh tuairisciú nuachta agus cúrsaí reatha le linn tréimhse an mhoratóra nach raibh chomh sriantach agus a bhí go dtí sin agus; tugadh isteach toirmeasc ar chraoltaí a bhain go sonrach leis an reifreann ó ghrúpaí a raibh spéis sonrach acu sa toradh.

I bhfeidhm, níor éirigh aon cheisteanna sonracha agus na treoirlínta maidir leis an reifreann á n-oibriú nó le linn an mhoratóra. San áit ar éirigh ceisteanna, bhain siad sin leis an dtoirmeasc ar fhógráin dírithe ar sprioc pholaítíochta.

Bhí na treoirlínte ina n-ábhar díospóireachta ag cruinnithe den gComhchoiste Oireachtais ar an mBunreacht. Bhí aird an Chomhchoiste dírithe ar thionchar na rialacha rochtana maidir le tuairisciú ar thaobhanna sa reifreann a bhí i gcoinne a chéile. Ón dtaobh sin de, thug an Coimisiún aghaidh ar an dtuairim earráideach gur éiligh a chuid treoirlínte ar chraoltóirí an méid céanna ama ar an aer a thabhairt do thaobhanna sa reifreann a bhí i gcoinne a chéile. Rinneadh soiléir é gur tuairisciú cóir agus cothrom a bhí de dhíth agus nach soláthar an méid céanna ama a bhí i gceist. Ina dhiaidh sin scríobh an Coimisiún chuig a chuid conraitheoirí ar fad chun soiléiriú a thabhairt maidir leis an gceist sin.

Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus eamhchlaontachta

Is ceann de na cóid nua atá le forbairt i gcaitheamh na mblianta atá le teacht an Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta. Féachfaidh an Cód sin ar cheisteanna cothroime, oibiachtúlachta agus neamhchlaontachta i gcláir nuachta agus cúrsaí reatha ar an raidió agus ar an dteilifís in Éirinn. Agus ullmhúchán á dhéanamh chun an Cód seo a fhorbairt, coimisiúnadh taighde i 2008 a rinne scrúdú ar an gcaoi a rialaíonn dlithe, polasaithe agus cleachtais san Eoraip, sna Stáit Áontaithe, i gCeanada agus san Astráil cláir nuachta agus cúrsaí reatha sna tíortha sin. Déanfar comhairliúchán poiblí sula gcuirfear an Cód sin i bhfeidhm.

OILIÚINT AGUS FORBAIRT

OILIÚINT AGUS FORBAIRT

Rinneadh comhdhlúthú ar Oiliúint agus Forbairt i rith na bliana 2008. Rinneadh athbhreithniú ar phróiséis a bhí i bhfeidhm agus tógadh orthu sin, agus bhí líon nósanna imeachta nua maidir le tuairisciú, atá anois mar chrann taca ag ár ngníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha ar fad, mar thoradh. Rinneadh leithdháileadh de €545,870 le haghaidh maoiniúcháin i 2008. Bhí cuid shuntasach den tsuim sin tiomanta do líonraí tionscail.Oibríonn an BCI i gcomhpháirtíocht leis na líonraí sin chun tionscnaimh oiliúna agus forbartha a sholáthar i ngach cuid den earnáil chraolacháin. Rinne an BCI maoiniú ar roinnt scéimeanna chun cabhrú le stáisiúin a gcuid seirbhísí a fhorbairt. Tugadh faoi thionscnaimh forbartha eile i rith na bliana, ina measc tionscnaimh breithmheasa agus taighde. Rinneadh leithdháileadh ar mhaoiniúchán Oiliúna agus Forbartha ar na príomhréimsí seo a leanas:

Líonraí Tionscail

Reáchtáil **CRAOL** sraith imeachtaí oiliúna dá bhaill ina measc an deireadh seachtaine 'Féile' d'oibrithe deonacha, deireadh seachtaine oiliúna do bhainisteoirí stáisiúin agus oiliúint Ghaeilge. Ina theannta sin, chuir CRAOL clár meantóireachta agus seirbhís líne chabhrach do stáisiúin i bhfeidhm go rathúil. Mar aitheantas ar chumas agus ar thiomantas oibrithe deonacha san earnáil raidió pobail, reáchtail CRAOL a chéad searmanas bronnta gradam i gcomhair éachtaí sa chraoltóireacht i rith na bliana.

Solathróir oiliúna de chuid Skillnet is ea **Learning Waves** atá bunaithe go sonrach chun freastal ar riachtanais fhorbartha na hearnála raidió tráchtála neamhspleách. I measc na n-ábhar foghlama tá díolachán agus margaíocht, cláir, bainistíocht, airgeadas agus riarachán. Le linn 2008 chuir Learning Waves oiliúint ar fáil do bhreis is 600 duine.

D'eagraigh **An Cumann Teilifíse Pobail (CTA)** seiminéir oiliúna ar ábhair ar nós léiriúchán, comhionannas inscne, cláir a roinnt agus beartais an Aontais Eorpaigh. Rinneadh obair thaighde chomh maith chun measúnu a dhéanamh ar riachtanais earnáil na teilifíse pobail maidir leis na Rialacha Rochtana, agus chun beartais éifeachtúla inscne agus comhionannais a fhorbairt.

Reachtáil **Cumann Léiritheoirí Raidió Neamhspleách na hÉireann (AIRPI)** líon áirithe imeachtaí oiliúna a chlúdaigh léiriú cláir, ceisteanna cóipchirt agus ceisteanna conartha, podchraoladh agus taifeadadh fuaime. Chomh maith leo sin reáchtáil AIRPI dhá mháistir-rang a bhí faoi stiúir chainteoirí clúiteacha ón earnáil raidió idirnáisiúnta.

D' eagraigh **Screen Producers Ireland (SPI)** sraith de ghníomhaíochtaí oiliúna le linn 2008 ina measc fiontair le TV3 agus RTÉ; díospóireacht phainéil ag Féile Scannán Bhaile Átha Cliath; ócáid faoi chláir faisnéise a tharla ag Féile

na Scannán Ceilteacha agus; seiminear i dtaobh maoiniúchán scannáin a reáchtáladh i gcomhpháirt leis an gComhairle Ealaíon.

Thionól **Líonra Raidió Ospidéil na hÉireann (IHRN)** ócáid ag deireadh na bliana seo caite a chuir le chéile ceardlainn agus searmanas bronnta a thug aitheantas do rannpháirtíocht oibrithe deonacha.

Chomh maith le gníomhaíochtaí líonraí a mhaoiniú le linn 2008, chuir an BCI tacaíocht agus maoiniúchán ar fáil do líonraí chun cabhrú leo a gcuid nósanna imeachta rialachais a fhorbairt agus a fheabhsú. Tionóladh seiminéar líonra mar gheall ar fhaisnéis a roinnt i Mí Feabhra 2008 ag ar seoladh Lámhleabhar Dea-Chleachtais an BCI do Líonraí.

Scéimeanna Maoiniúcháin

Thug an BCI faoi roinnt scéimeanna maoiniúcháin chun cabhrú le forbairt stáisiún ar fud na hearnála. Ina measc bhí:

An Scéim Tacaíochta do Raidió Pobail

Chuir an scéim maoiniú ar fáil do stáisiúin raidió pobail chun cabhrú leo a gcuid próiséas a fheabhsú agus chun dul i ngleic níos fearr lena bpobail. Bhain sé stáisiún leas as an maoiniúchán agus bhí a dtionscadail críochnaithe acu faoi dheireadh na bliana.

An Scéim Nuálaíochta do Stáisiúin

Rinneadh maoiniú ar dhá thionscadal faoin scéim phíolótach nuálaíochta do stáisiúin le linn 2008. Tugadh tacaíocht do RTÉ Raidió 1 le haghaidh tionscadail chun scileanna léiriúcháin i ndrámaíocht raidió a fhorbairt agus chun an líon léiritheoirí drámaíocht raidió a mhéadú. Tugadh maoiniú do Dublin City FM chun clár breithmheasa agus oiliúna a dhéanamh mar chuid dá iarracht caighdeán na gclár ag an stáisiún a fheabhsú.

An Scéim 'Fiontair Nua sa Chraoltóireacht'

Thionól an Scéim 'Fiontair Nua sa Chraoltóireacht', ar cuireadh léi chun ceardlanna forbartha do rannpháirtithe a chur san áireamh, a cheardlann breithmheasa deireannach i Mí Feabhra 2008 ag an am céanna agus a reáchtáladh an searmanas bronnta.

Chun níos mó eolais a fháil maidir leis na scéimeanna seo, tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an BCI:
www.bci.ie/development/funding-initiatives.html

Tionscnaimh Forbartha

Rinne an BCI maoiniú agus maoirsiú ar **thionscadal taighde i dtaobh na Gaeilge** chun riachtanais déantóirí clár a mheas maidir le cláir Ghaeilge a tháirgeadh. Coimisiúnadh an tionscadal ag deireadh na bliana 2008 agus foilseofar tuarascáil i 2009.

Rinne an BCI maoiniú ar mheasúnú do **Theilifís Phobail Chorcaí (Cork Community Television)** mar chuid de phróiséas ceadúnúcháin an stáisiúin, chun breithmheas a dhéanamh ar riachtanais an phobail ina leith.

Seoladh an **Uirlis R-Foghlaim & Acmhainn Faisnéise don Chód Ginearálta Fógraíochta** i lár na bliana 2008 agus bhí an chéad fhreagairt air ó chraoltóirí dearfach go maith. Úsáidfear é mar chuid de chlár oiliúna do stáisiúin le linn 2009, a reáchtálfar in éineacht le Learning Waves.

Chun teacht ar uirlis R-foghlama Chód Ghinearálta Fógraíochta an BCI, téigh go láithreán gréasáin an BCI:
www.bci.ie/development/learning-resources.html

Seoladh Lámhleabhar Dea - Chleachtais Líonra

CUMARSÁID AGUS CUR CHUN CINN

CUMARSÁID AGUS CUR CHUN CINN

Bliain an-ghnóthach agus an-rathúil don BCI ab ea 2008 ó thaobh na cumarsáide de. Léirigh Plean Cumarsáide an BCI ceithre phríomhréimse gníomhaíochtaí cumarsáide le díriú orthu: Údarás Craolacháin na hÉireann; Cóid agus Comhlíontacht; Teilifís Digiteach Trastíre (DTT) agus *Sound & Vision,* an Scéim Maoiniúchán Craoltóireachta. I dteannta na réimsí sin, reáchtáladh réimse gníomhaíochtaí cumarsáide eile chun tacú le saothar ar fud na heagraíochta. Rinne an BCI athdhíriú ar a chur chuige i dtaobh urraíochta i rith na bliana mar aitheantas ar an méadú ar an éileamh ar thacaíocht agus ar na himpleachtaí suntasacha don Choimisiún sa bhuiséad. Faoi Mhí na Nollag, bhí iarratais ar urraíocht don bhliain 2009 éilithe agus ceadaithe ag an gCoimisiún, agus iarratais á dtomhas de réir na gcritéar leagtha amach sa Bheartas Urraíochta nua. Déantar athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí Cumarsáide agus Cur Chun Cinn an BCI i rith na bliana faoi na ceannteidil seo a leanas:

Rath na Cumarsáide á Thomhas

Chuir Beartas Cumarsáide an BCI an bunús ar fáil le rath phlean na bliana a thomhas. Cé is móite de roinnt obair cumarsáide ar Chóid an BCI agus an t-aistriú go hÚdarás Craolacháin na hÉireann, cuireadh gnéithe ar fad an phlean i bhfeidhm go rathúil.

De bharr a nádúir éileoidh cúrsaí cumarsáide freagairtí réamhghníomhacha agus iarghníomhacha ó aon eagraíocht. D'eisigh an BCI 46 preaséisiúint le linn 2008 ag déileáil le gach gné de théarmaí tagartha an BCI. Ó thaobh tuairisciú meáin de, bhí iomlán de 447 alt sa phreas náisiúnta, réigiúnda agus tráchtála a bhain go díreach nó go hindíreach le saothar an BCI i rith na bliana. Rinne an Príomhfheidhmeannach líon mór agallamh ar an raidió agus ar an dteilifís mar fhreagairt ar iarratais nó chun rannpháirtíocht a bheith aige i réimse ceisteanna laistigh de théarmaí tagartha an BCI.

I measc réimsí oibre an Choimisiúin a ghinn an méid is mó suime sna meáin bhí an próiséas ceadúnúcháin d'ilphléacs DTT, comhdháil an BCI agus cinneadh an Choimisiúin maidir le feachtas fógraíochta Veritas roimh Nollaig.

Ar nós plean ar bith eile, is féidir le tosca eachtracha tionchar a bheith acu ar bhaint amach spriocanna. Cé gur pleanáladh obair chumarsáide maidir le hÚdarás Craolacháin na hÉireann, chiallaigh an mhoill a bhí ar ghluaiseacht na reachtaíochta trí chéim an choiste gur cuireadh an obair sin ar aghaidh go dtí bplean na bliana 2009. Ar an gcaoi chéanna, chiallaigh an ath-leithdháileadh ar acmhainní go hinmheánach, chun déileáil leis an obair ar DTT, nár tharla na gnéithe feasacht phoiblí a bhain le Cóid an BCI faoi dheireadh na bliana.

An Creat Cumarsáide á Leathnú

Ceann de na príomhspriocanna a bhí againn do 2008 ab ea gníomhaíochtaí cumarsáide a leathnú níos faide ná torthaí cruinnithe boird agus díriú go rathúil ar réimse leas-sealbhóirí. Chun cuidiú leis an gcuspóir sin, d'éirigh leis an bPlean Cumarsáide 2008 réimse leathan meicníochtaí cumarsáide a chur ar fáil: ó chruinnithe tráchta leis na meáin agus le Comhchoiste Oireachtais i dtaobh Teilifís Digiteach Trastíre, go hócáidí líonra tionscail faoin gCód Ginrearálta Fógraíochta agus tionscnaimh Oiliúna agus Forbartha; ó thacaíocht urraíochta ar ócáidí ina measc Gradaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann, Féile Idirnáisiúnta Scannán Jameson Bhaile Átha Cliath, agus Féile Scannán na Gaillimhe, go forbairtí Oiliúna agus Forbartha ar-líne, Teilifís Digiteach Trastíre agus Comhdháil an BCI. I ngach cás rinne an ghníomhaíocht cumarsáide iarracht díriú go hoiriúnach ar leas-sealbhóirí, lena n-áiritear an pobal i gcoitinne, na hearnálacha craolacháin agus léiriúcháin neamhspleácha, na meáin ghnó agus comhpháirtithe eile sa dtionscal.

EPRA

Ba Bhaile Átha Cliath an t-ionad don **28 ú Cruinniú de Léibheann Eorpach na n-Údarás Rialúcháin (EPRA)**, a tionóladh ar chuireadh ó Choimisiún Craolacháin na hÉireann. I measc na n-ábhar a pléadh bhí an trasuíomh leanúnach ar an Treoir i dtaobh Seirbhísí Meáin Chlosamhairc; ról na rialtóirí agus maoirsiú á dhéanamh ar ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí; iolrachas polaitiúil sna meáin agus; an cur chuige i dtaobh rialúcháin ar theilifís digiteach. Agus breis is 150 toscaire ó 41 údarás rialúcháin i láthair, cuireann cruinnithe EPRA deis tábhachtach ar fáil chun plé a dhéanamh le rialtóirí eile ar bhonn idirnáisiúnta, chun foghlaim ó thaithí dhaoine eile, agus chun treoir a thabhairt i réimsí saineolais faoi leith.

EPRA Conference Dublin 2008

Comhdháil an BCI 2008

Mar mheicníocht réamhghníomhach chumarsáide, cuireann Comhdháil an BCI gach re bliain deis faoi leith ar fáil do chraoltóirí agus do leas-sealbhóirí eile teacht le chéile agus ceisteanna ábhartha agus spéise a phlé. Bhí an téama 'Does the Medium Matter?' nó 'An Cuma faoin Meán?'mar théama ag Comhdháil an BCI 2008 agus bhí an craoltóir Claire Byrne ina cathaoirleach uirthi. Tháinig breis is 200 toscaire go Páirc an Chrócaigh ar an 17 agus an 18 Meán Fómhair. Phléigh an Chomhdháil an cheist i dtaobh seachadadh ábhair sna meáin éagsúla agus bhí cainteoirí i láthair ó Éirinn, ón Ríocht Aontaithe agus ón Ísiltír. I measc na n-ábhar a pléadh ar an lá bhí teilifís digiteach trastíre tráchtála in Éirinn; an taithí go dtí seo ar aistriú digiteach san RA; cásanna maidir le todhchaí digiteach an raidió; forbairtí nua sna meáin agus an comhéadan leis na meáin thraidisiúnta ar leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta; na meáin shóisialta agus rannpháirtíocht an tomhaltóra. Tá sé fiche bliain anois ó ritheadh an t-Acht Raidió agus Teilifíse agus phléigh painéal rannpháirtithe roghnaithe an chaoi ina ndearna an earnáil forbairt sna blianta ó shin agus rinneadh díospóireacht ar na himpleachtaí maidir le forbairtí amach anseo agus an córas nua rialúcháin do na meáin chraolacháin in Éirinn mar chúlra.

BCI Conference 2008

Cur chun cinn na Gaeilge

Lean an BCI ar aghaidh ag obair le Coiste Forbartha na Gaeilge, a bunaíodh i gcomhpháirt le Foras na Gaeilge, chun tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh Gaeilge i rith na bliana. Cuireadh tacaíocht maoiniúcháin a raibh tuairim is €30,000 i gceist léi ar fáil do na tionscnaimh seo a leanas:

- Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge ag leanúint ar aghaidh ag foilsiú agus ag scaipeadh 'Cogar', nuachtlitir dhátheangach atá ar fáil ag www.cogar.ie. Bunaithe ar an aiseolas dearfach a fuarthas, dámhadh

méadú beag ar an nuachtlitir, chun athdhearadh a éascú agus chun feachtas cur chun cinn a fhorbairt chun dáileadh agus feidhm na nuachtlitreach a mhéadú.

- An obair atá á dhéanamh ag an gCoiste le Gael-Linn agus na stáisiúin raidió neamhspleácha chun comórtas raidió do mhic léinn dara leibhéal a chur chun cinn. Bronnadh iomlán de sé dhuaiseanna i 2008, agus eagraíodh searmanais bhronnta i Dundalk FM agus Raidió na Life.

- I 2008 chuir an Coiste maoiniúchán ar fáil do Sheachtain na Gaeilge chun comhordú a dhéanamh ar 11 ceardlann idir an 3 Márta agus an 17 Márta. Rinne meascra de stáisiúin pobail, tráchtála agus seirbhíse pobail óstáil ar na ceardlainn agus dhíríodar ar bhuntús léiriúcháin do chláir raidió.

- Rinneadh athbhreithniú ar an gcomórtas Réalt DJ i rith na bliana de réir chritéar Bheartas Urraíochta an BCI. Toisc an laghdú suntasach ar an líon iarratas a fuarthas i 2008 agus an méid a chosnaíonn sé tacaíocht a thabhairt don tionscnamh, comhaontaíodh nach leanfaí ar aghaidh le Réalt DJ i 2009.

- Lean an Coiste ar aghaidh ag cur urraíochta ar fáil do dhuais thiomanta mar chuid de shearmanais bhronnta Glór na nGael. Bronnadh duaiseanna ar Shannonside/Northern Sound agus West Limerick 102 as ucht na Gaeilge a chur chun cinn ar an aer i rith na bliana.

Saoráil Faisnéise

Gné thábhachtach i gcónaí de thearmaí tagartha seirbhíse poiblí an BCI is ea Saoráil Faisnéise le rochtain ar fhaisnéis a sholáthar nach mbeadh ar fáil go poiblí de ghnáth. Bhí laghdú suntasach ar an líon iarratas a fuarthas i 2008, agus iomlán de cheithre iarratas déag faighte, aon cheann déag níos lú ná 2007. As an iomlán sin, bhí naoi gcinn acu ó iriseoirí, ceithre chinn ó mhic léinn agus ceann amháin ó dhuine de ghairm an dlí. Bhain an fhaisnéis a éilíodh le cinntí ceadúnúcháin, le hathruithe ar úinéireacht agus rialú, le hathbhreithnithe bliantúla ar fheidhmiúlacht, le leithdháileadh maoiniúchain trí Sound & Vision agus le cinntí a bhain leis an gCód Ginearálta Fógraíochta. Glacadh go hiomlán le hiarratas amháin, glacadh le codanna de dheich chinn acu, diúltaíodh do dhá cheann acu agus pléadh le ceann amháin lasmuigh de Shaoráil Faisnéise.

TREOCHTAÍ

Treochtaí

Déantar píosaí suntasacha taighde ar bhonn leanúnach san earnáil chraolacháin, rud a chuireann ar ár gcumas fás agus forbairt a leanúint. Aimsítear líon na n-éisteoirí raidió ar bhonn ráithiúil tríd an Comhthaighde Náisiúnta ar Lucht Éisteachta (JNLR) a dhéanann TNSmrbi. Aimsíonn AGB Nielsen Media na sonraí maidir le faisnéis ar lucht féachana teilifíse. Ina theannta sin, bailíonn an BCI sonraí óna chonraitheoirí féin maidir le fostaíocht, agus chomh maith leis sin maidir le hioncam fógraíochta agus maidir leis an ioncam ón urraíocht. Tugann an chuid seo den Tuarascail Bhliantúil forléargas ar na treochtaí sna réimsí sin don bhliain 2008, mar seo a leanas:

JNLR

Foilsíodh an tuarascáil JNLR/TNS mrbi is déanaí maidir leis an líon lucht éisteachta raidió ar an 12 Feabhra 2009. Clúdaíonn an tuarascáil an tréimhse 12 mí ó Eanáir go Nollaig 2008. Léirigh na torthaí go bhfuil 85% den daonra fásta ag éisteacht ar bhonn laethúil le measca de raidió náisiúnta, réigiúnda agus áitiúil ar fud na tíre.

Léiríonn figiúirí lucht éisteachta don bhliain 2008, nuair a chuirtear iad i gcomparáid le figiúirí Eanáir-Nollaig 2007, na treochtaí seo a leanas:

Náisiúnta

Tháinig méadú ar an líon éisteoirí d'aon raidió áitiúil/réigiúnda go 55% (+3), i gcomparáid leis an dtréimhse suirbhé a chuaigh roimhe. Bhain RTÉ Raidió 1 amach aimsiú de 24% (+1) agus tháinig laghdú de 1% go 16% ar aimsiú RTÉ 2FM. Níor tháinig aon athrú ar Today FM ag 16% agus thainig meadú ar aimsiú an stáisiúin quasi-náisiúnta Newstalk agus RTÉ Lyric FM go 7% (+1) agus 4% (+1) faoi seach.

Maidir le sciar den mhargadh, ba 49.6% an figiúr le haghaidh aon stáisiún réigiúnda/áitiúil sa phríomhthréimhse 7am –7pm, meadú de 2% i gcomparáid le Eanáir-Nollaig 2007. Thainig laghdú go 10.9% (-1.6) ar sciar Today FM den mhargadh, agus tháinig mionmheadú go 3.5% (+0.1) ar sciar Newstalk 106-108FM. Ní raibh aon athrú ar sciar Lyric FM ar 1.7%.

Náisiúnta (Baile Átha Cliath agus Corcaigh as an áireamh) – stáisiúin áitiúla

Ag an leibhéal áitiúil thaifid formhór na stáisiún athruithe maidir le haimsiú agus sciar den mhargadh don tréimhse suirbhé Eanáir-Nollaig 2008. B'iad Highland Radio (66%), Live 95FM i Luimneach (55%), agus Shannonside/Northern Sound and Mid-West Radio (51.3%) an tri stáisiún is mó ar éisteadh leo le linn 2008 a raibh aimsiú de 50% araon acu. Is ag Highland Radio (60.3%), Mid West Radio (56.3%) agus Shannonside/Northern Sound (51.3%) atá an sciar is láidre den mhargadh i measc na stáisiún áitiúla.

Stáisiúin Réigiúnda

I réigiún an oirdheiscirt, mhéadaigh Beat FM a aimsiú i rith laethanta na seachtaine go 20% (+3) agus choimeád sé a sciar den mhargadh de 11.4% i gcomparáid le 2007. B'é 2008 an chéad bhliain oibríochta don tseirbhís reigiúnda san iarthdheisceart, Spin South West, a raibh aimsiú de 16% (+2) acu agus sciar den mhargadh de 8.8% (+0.6). Faoi dheireadh na bliana bhí an ceann is deireannaí de na seirbhísí réigiúnda i102-104 ar an aer in iarthuaisceart na tíre ar feadh aon mhí déag. Bhain an stáisiún amach aimsiu i rith laethanta na seachtaine de 11% agus sciar den mhargadh de 5.9% ina chéad bhliain oibríochta.

Baile Átha Cliath – stáisiúin áitiúla

I margadh Bhaile Átha Cliath is é FM104 an stáisiún is mó a éistear leis i gcónaí, agus líon éisteoirí a d'éist inné de 20% (+2) agus sciar den mhargadh de 13.3% (+0.9).

I measc na stáisiún eile ar tháinig méadú ar a sciar den mhargadh i gcomparáid le 2007 bhí Dublin's 98 ar 11.9% (+1.2), Spin 1038 ar 7% (+1.3), Q102 ar 7% (+0.4) agus Phantom 105.2 ar 1.8% (+0.7).

Corcaigh – stáisiúin áitiúla

I limistéar saincheadúnais Chorcaí, bhain comhsheirbhisí Cork's 96FM/C103 líon aimsithe de 50% (+5) agus sciar den mhargadh de 47.8% (-4.4). Tháinig méadú go 19% (+1) ar líon aimsithe Red FM agus mhéadaigh a sciar den mhargadh go 11.6% (+1).

Treochtaí Fostaíochta

D'fhan treochtaí fostaíochta san earnáil craolacháin neamhspleách nach mór mar an gcéanna i gcomparáid le leibhéil na bliana 2007. Tháinig laghdú beag de 51 go 1751 ar líon na ndaoine fostaithe (-2.8%). As an líon sin, bhí 457 acu fostaithe ar bhonn páirtaimseartha.

Fógraíocht agus Urraíocht Raidió

Tháinig méadú beag ar an ioncam ón bhfógraíocht agus ón urraíocht san earnáil raidió neamhspleách, i gcomparáid le 2007, go €134,430,532, a léirigh méadú de 3.5% don bhliain. Féach an tábla thíos le haghaidh treochtaí fógraíochta agus urraíochta le deich mbliana anuas:

Bliain	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008
Milliúin	49.58	59.46	69.2	66.8	73.2	84.7	100.5	116.1	129.8	134.4

Ioncam Fógraíochta agus Urraíochta Raidió (€m)



Faisnéis faoi Lucht Féachana Teilifíse

Táispeánann an tábla seo a leanas miondealú ar líon faireoirí teilifíse le linn 2008 ar bhonn cainéal ar chainéal. Tá na sonraí bunaithe ar thaighde a rinne Nielsen Media Research agus is iad éisteoirí fásta go náisiúnta (15+) an sprioclucht féachana. Áirítear faisnéis do gach cainéal ceadúnaithe in Éirinn agus cainéil cheadúnaithe lasmuigh d'Éirinn a bhfuil sciar den mhargadh acu atá níos mó ná 1%.

Sciar den Lucht Féachana

Is é sin an céatadán den lucht féachana ar fad atá ag faire ar chainéal faoi leith ag am sonrach áirithe i.e. as na daoine sin atá ag faire ar an teilifís, cé mhéid acu atá ag faire ar Chainéal X

CINEÁL PAINÉIL Náisiúnta	LUCHT FÉACHANA Daoine Fásta 15+	ATHRAITHEACH Sciar
Grúpa Chuid den Lá	Luan-Domh 03:00-26:59	Luan-Domh 18:00-23:29
RTÉ One	26.8	32.8
RTÉ Two	11.0	11.8
TV3	12.3	12.9
TG4	2.7	2.3
3e	0.7	0.6
Setanta Ireland	0.7	0.7
BBC1	5.7	5.0
BBC2	3.2	3.1
UTV	4.7	4.8
Channel 4	3.9	3.6
Sky 1	2.1	2.0
Sky News	1.3	0.8
Sky Sports 1	1.1	0.8
Living	1.4	1.2
E4	1.3	1.1
Cainéil Eile BCI	21.0	16.5
IOMLÁN	100	100

FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL

FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL

Ba bhliain suntasach í 2008 ó thaobh Forbartha Eagraíochtúla de agus an Coimisiún ag ullmhú chun an BCI agus an BCC a aistriú go hÚdarás Craolacháin na hÉireann (BAI). Ba mhór-shaothar ag an bhfoireann an cur chuige i dtaobh athruithe a fhorbairt, agus ina dhiaidh sin mapáil a dhéanamh ar an bpróiséas athraithe, agus bhí an fhoireann ar fad agus an Fóram Comhpháirtíochta rannpháirteach ann. Freisin, rinneadh athbhreithniú eagraíochtúil ar an BCI a chuir PricewaterhouseCoopers (PwC) i gcríoch. Ina theannta sin, bhí gníomhaíochtaí tábhachtacha forbartha ar siúl maidir le próiséis oibre san eagraíocht. Bhí páirt lárnach ag Fóram Comhpháirtíochta an BCI san obair sin ó thaobh athraithe agus forbartha eagraíochtúla de, agus ó thaobh réimse beartas a bhreithniú agus a cheadú i rith na bliana. Is féidir achoimre a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí maidir le Forbairt Eagraíochtúil le linn 2008 mar seo a leanas:

An Próiséas Athraithe agus an t-Aistriú go dtí BAI

Thosaigh an cur chuige i dtaobh athraithe le réimse prionsabal a chur i bhfocail a bheadh mar bhunchloch don phróiséas athraithe. I measc na bpríomh-phrionsabal bhí rannpháirtíocht foirne agus céimeáil chúramach pleanála. Beidh an BCI mar bhuntús ag an BAI, agus léiríonn an próiséas athraithe deis chun tógáil a dhéanamh ar na buanna atá laistigh den eagraíocht. Tá iniúchadh déanta ar na struchtúir atá i bhfeidhm, ar chleachtais oibre agus ar chultúr na heagraíochta agus tá siad curtha in oiriúint lena chinntiú go mbeidh an BAI ina chomhlacht feidhmiúil éifeachtach, le foireann a léiríonn na scileanna agus na modhanna iompair atá riachtanach lena chuid cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Athbhreithniú Eagraíochtúil

Ceann de na príomh-ghníomhaíochtaí sa phróiséas athraithe ab ea an struchtúr eagraíochtúil agus an modh oibre is fearr don BAI a aithint, bunaithe ar an tsaineolas reatha atá ag an BCI ó thaobh eolais faoin dtionscal, dualgais reachtúla, cultúr na heagraíochta agus taithí ar na próiséis oibre atá ann faoi láthair. I ndiaidh próiséas tairisceana, dámhadh an conradh ar PwC leis an athbhreithniú ar an eagraíocht a dhéanamh. Deis a bhí anseo réimse de mhúnlaí struchtúracha don BAI a aithint, a iniúchadh agus a thagarmharcáil in ionad macasamhail an struchtúir atá ann faoi láthair a athbhunú. Leagadh amach bealach chun tosaigh, ag cur san áireamh an bunús scileanna agus inniúlachtaí atá againn cheana féin. Bhí rannpháirtíocht ag an bhfoireann ar fad agus d'aithin an tuarascáil a bhí mar thoradh struchtúr máitríseach mar an creat is oiriúnaí don BAI. Tá an tuarascáil sin, a thugann breac-chuntas ar na riachtanais struchtúir agus foirne nua, curtha faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Forbairtí Eagraíochtúla

Le linn 2008, ghlac an Coimisiún le breis oibre a cruthaíodh, de bharr an phróiséas ceadúnúcháin DTT trí athosaíocht a dhéanamh agus trí sholúbthacht agus obair tra-fheidhme, in éagmais foirne breise. Sheol an BCI a chreat inniúlachta, agus rinneadh athbhreithniú ar fhorbairt agus ar bhainistiú feidhmiúlachta. Ó thaobh an oiliúna agus na forbartha eagraíochtúla de, tionóladh sraith cruimmithe faisnéise inmheánacha idtaoibh réimsí faoi leith den obair, a bhí mar aidhm acu comhroinnt faisnéise a spreaghadh i measc na foirne. Mar chríoch, tosaíodh ar chlár suntasach forbairt bainitíochta do na bainisteoirí ar fad san eagraíocht.

RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH
31ST NOLLAIG 2008

Clár

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas is Ciste le Cur Faoi Bhráid Thithe an Oireachtais 64

Ráiteas maidir le Freagrachtaí Údarás Craolacháin na hÉireann 66

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais 67

Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta 79

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 72

Cuntas na Scéime Maoiniúcháin Craoltóireachta 73

Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteannais Iomlán Aitheanta 74

Clár Comhardaithe 75

Ráiteas i dtaobh Sreabhadh Airgid 76

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 77

BROADCASTING COMMISSION OF IRELAND

Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas

I have audited the financial statements of the Broadcasting Commission of Ireland for the year ended 31 December 2008 under Section 178 of the Broadcasting Act 2009.

The financial statements, which have been prepared under the accounting policies set out therein, comprise the Statement of Accounting Policies, the Income and Expenditure Account, the Broadcasting Funding Scheme Account, the Statement of Total Recognised Gains and Losses, the Balance Sheet, the Cash Flow Statement and the related notes.

Respective Responsibilities of the Authority and the Comptroller and Auditor General

The Broadcasting Authority of Ireland is responsible for preparing the financial statements in accordance with the Broadcasting Act 2009. The Broadcasting Commission of Ireland was responsible for ensuring the regularity of transactions. The Authority has prepared the financial statements in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland. The accounting responsibilities of the Members of the Authority are set out in the Statement of Responsibilities of the Broadcasting Authority of Ireland.

My responsibility is to audit the financial statements in accordance with relevant legal and regulatory requirements and International Standards on Auditing (UK and Ireland).

I report my opinion as to whether the financial statements give a true and fair view, in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland. I also report whether in my opinion proper books of account have been kept. In addition, I state whether the financial statements are in agreement with the books of account.

I report any material instance where moneys have not been applied for the purposes intended or where the transactions do not conform to the authorities governing them.

I also report if I have not obtained all the information and explanations necessary for the purposes of my audit.

I review whether the Statement on Internal Financial Control reflects the Commission's compliance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies and report any material instance where it does not do so, or if the statement is misleading or inconsistent with other information of which I am aware from my audit of the financial statements. I am not required to consider whether the Statement on Internal Financial Control covers all financial risks and controls, or to form an opinion on the effectiveness of the risk and control procedures.

I read other information contained in the Annual Report, and consider whether it is consistent with the audited financial statements. I consider the implications for my report

if I become aware of any apparent misstatements or material inconsistencies with the financial statements.

Basis of Audit Opinion

In the exercise of my function as Comptroller and Auditor General, I conducted my audit of the financial statements in accordance with International Standards on Auditing (UK and Ireland) issued by the Auditing Practices Board and by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. An audit includes examination, on a test basis, of evidence relevant to the amounts and disclosures and regularity of the financial transactions included in the financial statements. It also includes an assessment of the significant estimates and judgments made in the preparation of the financial statements, and of whether the accounting policies are appropriate to the Commission's circumstances, consistently applied and adequately disclosed.

I planned and performed my audit so as to obtain all the information and explanations that I considered necessary in order to provide me with sufficient evidence to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or other irregularity or error. In forming my opinion I also evaluated the overall adequacy of the presentation of information in the financial statements.

Opinion

In my opinion, the financial statements give a true and fair view, in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland, of the state of the Commission's affairs at 31 December 2008 and of its income and expenditure for the year then ended.

In my opinion, proper books of account have been kept by the Commission. The financial statements are in agreement with the books of account.

Gerard Smyth
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General
22 December 2009

RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA HÉIREANN

Díscaoileadh Coimisiún Craolacháin na hÉireann le feidhm ó 1 Deireadh Fómhair 2009 de réir théarmaí an Achta Craolacháin, 2009. Aistríodh cearta réadmhaoine, dliteanais agus oibligeáidí Choimisiún Craolacháin na hÉireann chuig Údarás Craolacháin na hÉireann de réir théarmaí an Achta Craolacháin, 2009.

De réir théarmaí an Achta Craolacháin, 2009 tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as na ráitis airgeadais do Choimisiún Craolacháin na hÉireann (atá anois díscaoilte) don tréimhse 1 Eanáir 2008 go dtí 31 Nollaig 2008 a ullmhú chun tuairim atá fíor agus cothrom faoi staid chúrsaí Choimisiún Craolacháin na hÉireann mar a bhí siad ag an 31 Eanáir 2008 agus faoina ioncam agus a chaiteachas le linn na tréimhse a chríochnaigh ansin a thabhairt.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige tá dualgas ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad sin a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin i gcás go mbeadh sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Coimisiún i bhfeidhm;
- A chur in iúl gur cloíodh leis na caighdeáin cuntasaíochta a bhaineann, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Bhí Coimisiun Craolacháin na hÉireann freagrach as:

- leabhair chearta cuntais a choimeád a léirigh le cruinneas réasúnta ag am ar bith seasamh airgeadais an Choimisiúin agus a chuir ar a chumas a chinntiú gur shásaigh na ráitis airgeadais Alt 16(1) den sceideal leis an Acht Raidió agus Teilifíse, 1988 agus go raibh siad i gcruth a bhí faofa ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha tar éis comhairliúchán a dhéanamh leis an Aire Airgeadais.
- sócmhainní Choimisiún Craolacháin na hÉireann a chosaint agus bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Cathaoirleach

Comhalta den Údarás

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as an gcóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Mar a éilíonn an Cód Cleachtais i leith Riar Chomhlachtaí Stáit, tá an ráiteas seo a leanas á dhéanamh agam, thar ceann Bhord Údarás Craolacháin na hÉireann agus mar Chathaoirleach ar Údarás Craolacháin na hÉireann, bunaithe ar fhaisnéis atá deimhnithe ag Iar-Phríomhfheidhmeannach Choimisiún Craolacháin na hÉireann i dtaca leis an athbhreithniú a rinne an t-Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn dá iniúchadh a bheith á dhéanamh aige.

Díscaoileadh Coimisiún Craolacháin an hÉireann le feidhm ó 1 Deireadh Fómhair 2009 de réir théarmaí an Achta Craolacháin, 2009. Aistríodh cearta réadmhaoine, dliteanais agus oibligeáidí Choimisiún Craolacháin na hÉireann chuig Údarás Craolacháin na hÉireann de réir théarmaí an Achta Craolacháin, 2009.

Le linn 2008, bhí comhaltaí Bhord Choimisiún Craolacháin na hÉireann freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht córais rialaithe inmheánaigh airgeadais na heagraíochta agus as an éifeachtúlacht sin a chinntiú.

Tá Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais deartha chun riosca a mhaolú seachas riosca a dhíchur ar fad agus ní féidir le córas den chineál seo ach cinnteacht réasúnta seachas dearbh-chinnteacht a thabhairt go bhfuil sócmhainní dá gcosaint, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadtha mar is ceart, agus go ndéantar earráidí ábharacha a chosc nó go n-aimseofar iad go tráthúil.

Príomh-Nósanna Imeachta maidir le Rialú

Bhí bearta déanta ag an gCoimisiún chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmeálta a bhunú chun teipeanna suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus chun gníomhaíochtaí ceartaitheacha a chinntiú.

Bhí próiséis curtha ar bun ag an gCoimisiún chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú trí:

- Nádúr agus méid na rioscaí airgeadais a raibh ar na gcomhlacht aghaidh a thabhairt orthu lena n-áirítear méid agus catagóir na rioscaí a mheas sé a bheith inghlactha a aithint;
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh riosca aitheanta;
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an Choimisiúin na rioscaí a tharla a bhainistiú agus a mhaolú;
- Measúnú a dhéanamh ar chostas chóras rialaithe áirithe a oibriú i gcoibhneas leis an dtairbhe a fuarthas as.

Bunaíodh an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ar chreat faisnéise rialta maidir le bainistíocht, nósanna imeachta riaracháin, scaradh dualgas san áireamh, agus córas tarmligin agus freagrachta. San áireamh ach go háirithe bhí:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus buiséad bliantúil a rinne an Coimisiún é a athbhreithniú agus a chomhaontú;
- Treoir a bhí sainithe go soiléir chun infheistíocht chaipitil a rialú;
- Disciplíní foirmeálta i dtaobh tionscadail a bhainistiú;
- Athbhreithnithe rialta ó thaobh an Choimisiúin de ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais, a léirigh feidhmiú airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí;
- Spriocanna a shocrú chun feidhmiú airgeadais agus eile a thomhas.

D'fhostaigh Coimisiún Craolacháin na hÉireann gnólacht cuntasóirí chun an fheidhm atá aige Iniúchadh Inmheánach a dhéanamh a chur i gcrích. D'oibrigh an fheidhm sin Iniúchadh Inmheánach a dhéanamh de réir an Chreat-Chóid maidir leis an gCleachtas is Fearr atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Bhí an obair iniúchta inmheánaigh bunaithe ar anailís ar an riosca ar nochtaíodh an comhlacht dó, agus bunaíodh pleananna maidir le hiniúchadh inmheánach bliantúil ar an anailís sin. Thacaigh an Coiste Iniúchta leis an anailís ar riosca agus leis na pleananna maidir le hiniúchadh inmheánach. Ar a laghad uair sa bhliain, chuir an t-iniúchóir inmheánach tuarascáil ar fáil don Choimisiún maidir le gníomhaíocht inmhéananach iniúchta. San áireamh leis an tuarascáil sin bhí tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh maidir le leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Bhí monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar shaothar an inniúchóra inmheánaigh, ar an gCoiste Iniúchta a rinne maoirsiú ar shaothar an iniúchóra inmheánaigh, ar shaothar na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de Choimisiún Craolacháin na hÉireann a raibh an fhreagracht orthu an creat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a choimeád, agus ar thuairimí a chuir an tArd-Reachtaire Cuntas is Ciste in iúl.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin

Dearbhaím go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008.

Sínithe thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann.

Cathaoirleach

RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiúin an chostais stairiúil agus de réir modh fabhraithe na cuntasaíochta seachas mar a luaitear thíos, agus i gcomhréir le cleachtais chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta. Ullmhaíonn an Coimisiún na ráitis airgeadais sa tslí a atá faofa ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Gnóthas Leantach – Díscaoileadh an BCI; Bunú an BAI

I Mí Iúil 2009 d'achtaigh an tOireachtas an tAcht Craolacháin 2009 (Uimhir 18 de 2009) ("Acht na Bliana 2009"). Forálann an tAcht do bhunú comhlachta rialála craolacháin nua, Údarás Craolacháin na hÉireann ("An tÚdarás").

De bhun fhorálacha Achta na bliana 2009, bunaíodh an tÚdarás ar an 1 Deireadh Fómhair 2009. Dá réir sin, de bhun Ailt 174 d'Acht na bliana 2009, ar an lá a bunaíodh an tÚdarás, díscaoileadh Coimisiún Craolacháin na hÉireann ("an BCI") agus, de bhun Ailt 175 d'Acht na bliana 2009, díscaoileadh an Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin ("an BCC").

Leagann Cuid 12 d'Acht na bliana 2009, agus níos sonraí ná sin, Alt 176, amach réimse forálacha idirthréimhseacha. Ina measc siúd, inter alia, tá dílsiú talún don Údarás a bhí dílsithe don BCI díreach roimh lá bunaithe an BAI. Ar an gcaoi céanna forálann sé freisin go ndílseofar don Údarás an réadmhaoin ar fad a bhí i seilbh an BCI díreach roimh lá bunaithe an BAI. Aistríodh cearta agus dliteanais an BCI, imeachtaí dlí ar feitheamh a raibh an BCI ina pháirtí iontu, ceadúnais a dhámh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide ar an BCI, conarthaí a rinne an BCI etc. díreach roimh lá bunaithe an Údaráis, chuig an Údarás

Tá forálacha idirthréimhseacha den chineál céanna in Alt 177 d'Acht na bliana 2009 maidir leis an BCC, ar aistríodh a chuid cearta, dliteanais, sócmhainní, etc. chuig an Údarás ar lá a bhunaithe.

De bhun Ailt 178 d'Acht na bliana 2009, ullmhófar cuntais deiridh an BCI a luaithe agus is féidir tar éis an lae bunaithe. Déanfar iad sin a chur faoi bhráid iniúchta sula gcuirfear iad faoi bhráid an Aire.

Déanfaidh an tÚdarás feidhmeanna reatha an BCI agus an BCC, i dteannta réimse feidhmeanna rialála nua a dhéanamh.

Ag féachaint don bhfíric gur dílsíodh sócmhainní, cearta, oibligeáidí agus dliteanais an Choimisiúin don Údarás, ullmhaíodh na cuntais seo ar bhonn gnóthais leantaigh.

Ioncam

Áirítear cistiú Státchiste, táillí ó iarratais ar cheadúnas agus táillí conartha mar ioncam tráth a fhaightear iad. Áirítear táillí a fuarthas i rith na bliana mar Tháillí Iarratais ar Cheadúnais mar ioncam ar an mbonn seo a leanas:

- coimeádtar cuid den táille ó iarratais mírathúla
- coimeádtar an táille iomlán ó iarratais rathúla.

Glactar an t-ioncam eile ar fad mar ioncam nuair a thuillltear é.

Tugtar airgead a fhaightear faoin Acht Craolacháin (Maoiniú) 2003 don chiste ar bhonn airgead a fuarthas.

Beartas Cuntasaíochta – Aoisliúntais

D'oibrigh Coimisiún Craolacháin na hÉireann scéim phinsin le sochar sainithe a fuair maoiniúchán bliantúil ar bhonn íoc mar a théitear as airgead a bhí ar fáil dó, airgead a bhí curtha ar fáil ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha san áireamh, agus as ranníocaíochtaí a baineadh as tuarastal foirne agus as ranníocaíochtaí fostóra. Bhí an scéim bunaithe ar Scéim Eiseamlárach na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí agus d'fheidhmigh sí ar bhonn riaracháin ar feitheamh fhaomhadh foirmeálta ón Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Tomhastar dliteanais na Scéime Aoisliúntais ar bhonn achtúireach agus an modh aonaid fortheilgthe á úsáid.

Léiríonn costais aoisliúntais na sochair phinsin a thuill fostaithe le linn na tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a íoctar leis an Roinn. Aithnítear suim atá comhréireach leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus go bhfuil sé fritháirithe ag deontais a fuarthas i rith na bliana chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Aithnítear gnóthachain nó caillteannais achtúireacha, a éiríonn as athruithe ar bhoinn tuisceana Achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh, sa Ráiteas ar Iomlán Ghnóthachain agus Caillteanais don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhréireach sa suim atá in-aisghabhála ón Roinn.

Léiríonn dliteanais aoisliúntais an luach reatha atá ag íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an sócmhainn comhréireach atá le haisghabháil ón Roinn i dtréimhsí sa todhchaí.

Dímheas Cuirtear dímheas san áireamh i dtaobh na sócmhainní inláimhsithe seasta ar fad agus ríomhtar é chun costas gach sócmhainne a shocrú de réir a luacha iarmharaigh mheasta thar a tréimhse úsáide measta trí thráthchodanna cothroma bliantúla mar seo a leanas:

• Trealamh Ríomhaireachta	33%
• Trealamh Oifige	20%
• Fearais agus Troscán	10%
• Feabhsúcháin Léasachta	10%
• Trealamh Fuaime/Teicniúil	33%
• Mótarfheithiclí	25%

Socraíodh ráta 10% i dtaca le feabhsúcháin a rinneadh ar oifigí an Choimisiúin ag 2-5 Plás Warrington mar tá sé beartaithe go gcoimeádfaidh an Coimisiún na hoifigí seo ina seilbh go ceann 10 mbliana ar a laghad gan aon ghá le feabhsúcháin shuntasacha. Éagann an léas ar an áitreabh sa bhliain 2021.

Cuntas Caipitil Is é atá sa Chuntas Caipitil ná iomlán an ioncaim neamh-amúchta a úsáidtear chun críocha caipitiúla.

Drochfhiacha agus Fiacha Amhrasacha Déantar drochfhiacha a dhíscríobh de réir mar a thagann siad aníos agus déantar soláthar i leith na bhfiacha sin a meastar a bheith amhrasach.

Léasú Déantar íocaíochtaí cíosa faoi bhun na léasaí reatha a áireamh sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thagann siad aníos.

Deontais Déantar deontais faoin Scéim Maoiniúcháin Craoltóireachta a ghearradh ar chuntas na Scéime Maoiniúcháin Craoltóireachta nuair a shásaíonn an té a thuilleann an deontas na coinníollacha ar fad a bhaineann leis an deontas. Léiríonn gealltanais i dtaobh deontais faomhadh le haghaidh maoiniúcháin ach gur gá don deontaí na coinníollacha a bhaineann leis an deontas fós a shásamh.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008	2007
		€	€
Ioncam	2	15,574,713	14,047,715
Cistiú Pinsin Iarchurtha Glan	16c	403,000	456,000
Ioncam Iomlán		15,977,713	14,503,715
Aistriú chuig an gCiste Craolacháin		(10,477,706)	(10,254,654)
Lúide Caiteachas	3	(6,357,545)	(5,744,853)
Barrachas (Easnamh) ioncaim thar chaiteachas		(857,538)	(1,495,792)
Aistriú ón gCuntas Caipitil	12	345,118	262,884
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		(512,420)	(1,232,908)
Iarmhéid ag tús na bliana		943,047	2,175,955
Iarmhéid ag deireadh na bliana		430,627	943,047

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 - 17. Rinne an tÚdarás na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar 14 Nollaig 2009 agus tá siad sínithe thar ceann an Údaráis ag:

Cathaoirleach

Comhalta

Príomhfheidhmeannach

CUNTAS NA SCÉIME MAOINIÚCHÁIN CRAOLTÓIREACHTA

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

Scéim Mhaoiniúcháin Craoltóireachta

	2008 €	2007 €
Ioncam		
Ioncam an Chiste Craoltóireachta	10,477,706	10,254,654
Ús a Fuarthas	671,479	676,824
Iomlán	**11,149,185**	**10,931,478**
Caiteachas		
Deontais agus Dámhachtainí	14,313,439	15,755,361
Luach Saotháir Foirne	529,022	478,075
Táillí Dlí	120,041	179,881
Costais CP	19,774	19,432
Costais Riaracháin	25,818	1,029
Costais Breithmheasa	106,939	137,777
Costais Fógraíochta	52,181	36,435
Costais Taighde	42,834	15,575
Costas Forbartha	6,678	2,615
Iomlán	**15,216,726**	**16,626,180**
Barrachas (Easnamh) ioncaim thar Chaiteachas	(4,067,541)	(5,694,702)
Iarmhéid 1 Eanáir	**19,507,935**	**25,202,637**
Iarmhéid 31 Nollaig	**15,440,394**	**19,507,935**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 - 17. Rinne an tÚdarás na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar 14 Nollaig 2009 agus tá siad sínithe thar ceann an Údaráis ag:

Cathaoirleach

Comhalta

Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS MAIDIR LE GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS IOMLÁNA AITHEANTA

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008	2007
		€	€
Barrachas don bhliain		(512,420)	(1,232,908)
Taithí (caillteanais) / gnóthachain ar dhliteanais na scéime pinsin		(85,000)	(18,000)
Athruithe ar na boinn tuisceana bunúsacha maidir le luach reatha dliteanas na scéime pinsin		50,000	811,000
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach		(35,000)	793,000
Coigeartú ar Chistíocht Iarchurtha Pinsin		35,000	(793,000)
Iomlán Gnóthachain/(Caillteanais) Aitheanta		(512,420)	(1,232,908)

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 - 17. Rinne an tÚdarás na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar 14 Nollaig 2009 agus tá siad sínithe thar ceann an Údaráis ag:

Cathaoirleach

Comhalta

Príomhfheidhmeannach

CLÁR COMHARDAITHE

mar a bhí ar an 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €	2007 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe ets	**8**	1,452,660	1,797,778
Sócmhainní Reatha			
Fiachóirí	**9**	589,718	408,353
Airgead sa Bhanc agus ar Lámh		58,488	1,388,462
Taiscí Gearrthéarmacha	**11**	16,222,951	19,717,546
		16,871,157	21,514,361
Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)	**10**	(1,000,136)	(1,063,379)
Rótharraingt Bainc		-	-
Glan-Sócmhainní Reatha		15,871,021	20,450,982
Ciste Craolacháin		(15,440,394)	(19,507,935)
Cistiú Iarchurtha Pinsin	**16c**	3,435,000	2,997,000
Dliteanais Pinsin	**16b**	(3,435,000)	(2,997,000)
Glan-Sócmhainní		1,883,287	2,740,825
Arna Léiriú ag			
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		430,627	943,047
Cuntas Caipitil	**12**	1,452,660	1,797,778
		1,883,287	2,740,825

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 - 17. Rinne an tÚdarás na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar 14 Nollaig 2009 agus tá siad sínithe thar ceann an Údaráis ag:

Cathaoirleach

Comhalta

Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS I DTAOBH SREABHADH AIRGID

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008	2007
		€	€
Réiteach an Bharrachais Oibriúcháin le Glan-Airgead Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Easnamh don Bhliain		(512,420)	(1,232,908)
Easnamh don Chiste Craolacháin don Bhliain		(4,067,541)	(5,694,702)
Toradh ar Infheistíochtaí		(713,556)	(716,102)
Muirear Dímheasa		387,245	439,685
(Brabús)/Caillteanas ar Dhíolachán Sócmhainní Seasta Inláimhsithe		0	3,757
Aistriú chuig an /(ón) gCuntas Caipitil	12	(345,118)	(262,884)
Méadú/(Laghdú) Fiachóirí		600	(27,939)
Méadú/(Laghdú) Creidiúnaithe		(63,243)	200,660
Glan-Insreabhadh/Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	17(a)	(5,314,033)	(7,290,433)
Ráiteas i dtaobh Sreabhadh Airgid			
Glan-Insreabhadh/Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(5,314,033)	(7,290,433)
Toradh ar Infheistíochtaí			
Ús a Fuarthas		531,591	740,407
Caiteachas Caipitil			
Íocaíochtaí le Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Fháil	8	(42,127)	(182,404)
Díolachán Sócmhainní Seasta Inláimhsithe		0	1,847
Bainistíocht ar Acmhainní Leachtacha			
Infheistithe i dTaiscí Gearrthéarmacha		3,494,595	5,560,269
Méadú/(Laghdú) in Iarmhéideanna Airgid	17(b)	(1,329,974)	(1,170,314)

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 - 17. Rinne an tÚdarás na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar 14 Nollaig 2009 agus tá siad sínithe thar ceann an Údaráis ag:

Cathaoirleach

Comhalta

Príomhfheidhmeannach

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH
31ST NOLLAIG 2008

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

1. An Scéim Mhaoiniúcháin Craoltóireachta

(a) De réir an Achta Craolacháin (Maoiniú), 2003 tá ceangaltas ar an gCoimisiún scéim nó scéimeanna a ullmhú le deontais a íoc chun tacaíocht a thabhairt do chláir agus do thionscadail áirithe raidió agus teilifíse as méid de 5% den bhfáltas glan ó ioncam an cheadúnais teilifíse.

Fuair an Scéim "Sound & Vision" faomhadh ón Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i Mí Dheireadh Fómhair 2005.

Forálann Alt 6 den Acht sin do chuntas speisialta don chiste sin a chur san áireamh i gcuntais bhliantúla an Choimisiúin. Taispeánann Cuntas na Scéime Maoiniúcháin Craoltóireachta Ioncam agus Caiteachas an Chiste i dteannta iarmhéideanna an chiste.

(b)

	Euro
Figiúr an Cheangaltais Oscailte (31st Nollaig 2007)	15,799,726
Dámhachtainí a rinneadh i 2008	9,919,627
Deontais dí-thiomanta i 2008	(551,739)
Deontais Íoctha i 2008	14,313,439
Figiúr an Cheangaltais Dhúnta (31st Nollaig 2008)	10,854,175

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

		Nótaí	2008	2007
			€	€
2. Ioncam	Deontas Oireachtais		5,000,000	3,809,665
	Lúide Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Inaisíoctha*	10	(420,776)	(413,848)
	Deontas Oireachtais Glan		4,579,224	3,395,817
	Ioncam an Chiste Craoltóireachta		10,477,706	10,254,654
	Ús ar Thaiscí		42,077	30,102
	Ús Bainc a Fuarthas		0	9,179
	Táillí Iarratais ar Cheadúnais		21,450	68,150
	Táillí Conartha		251,250	110,900
	Ioncam ó Chíos		156,104	170,153
	Ioncam Éagsúil		46,902	8,760
			15,574,713	14,047,715

*Tá aontaithe leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha go n-aisíocfaí an tsuim seo i gcomhréir le ranniocaíochtaí pinsin an fhostaí agus an fhostóra.

3. Caiteachas	Luach Saothair Foirne		1,772,925	1,698,973
	Costais Phinsin	16(a)	319,260	369,254
	Táillí Chomhaltaí Choimisiún an BCI		73,500	72,232
	Táillí Chomhaltaí an Choimisiúin um Ghearáis Chraolacháin		56,000	63,000
	Costais Riaracháin	4	1,152,684	1,032,130
	Costais Réadmhaoine	5	1,184,578	1,207,351
	Costais Ghníomhaíochtaí Craolacháin	6	1,578,635	1,159,238
	Costais an Choimisiúin um Ghearáin Chraolacháin	7	219,963	142,675
			6,357,545	5,744,853

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

4. Costais Riaracháin

	2008	2007
	€	€
Foilseacháin	17,174	7,877
Postas agus Stáiseanóireacht	57,002	81,892
Teileachumarsáid	38,359	31,627
Cothabháil Trealaimh	13,125	30,590
Féilteachas	27,075	25,066
Árachas Leabhail agus Clúmhillte	7,122	17,564
Oiliúint foirne, Táillí Comhdhála agus Ceangail Ghairmiúla	150,736	112,658
Costais AD agus Comhpháirtíochta	1,780	0
Taisteal agus Cothabháil Foirne	62,796	69,822
Taisteal agus Cothabháil Bhord an BCI	7,955	13,098
Táillí Comhairliúcháin CP	107,487	102,852
Táillí Comhairliúchán Airgeadais	17,634	25,682
Costais Aistrithe BAI - BCI	157,941	0
Comhairliúchán Eile	114,935	148,073
Tacaíocht TE	22,813	0
Fógraíocht agus Cur Chun Cinn	87,354	34,638
Foilseacháin an BCI	44,188	38,796
Coistais Éagsúla	7,296	10,124
Costais Earcaíochta	42,900	55,264
Costais an BCI	3,109	6,845
Cothabháil Feithiclí	3,520	5,816
Trealamh Ginearálta agus Ábhar Inchaite	4,605	7,038
(Brabús)/Caillteanas ar Shócmhainní Seasta a Dhiúscairt	0	3,757
Táillí Iniúchóireachta	24,450	17,800
Muirir Bainc	3,855	5,337
Ús agus Pionóis Cánach	0	0
Dímheas	127,473	179,914
	1,152,684	1,032,130

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

		Nótaí	2008	2007
			€	€
5. Réadmhaoin	Cíos	15	614,600	617,301
	Rátaí		77,772	39,333
	Costais Chothabhála		126,726	188,179
	Glanadh		67,221	58,356
	Árachas		13,471	18,818
	Solas agus Teas		25,017	25,593
	Dímheas: Feabhsúcháin Léasachta		259,771	259,771
			1,184,578	1,207,351

6. Costais Ghníomhaíochtaí Craoltóireachta	Costais Cheadúnú agus Éisteachtaí Raidió		27,238	85,262
	Ceadúnú Teilifíse		347	14,611
	Gníomhaíochtaí Forbartha Stáisiúin		160,073	164,177
	Eachtraí Nua sa Chraoltóireacht		51,150	121,965
	Raidió Pobail		163,042	148,995
	Teilifís Pobail		67,436	39,427
	Comhdháil Chraoltóireachta		220,438	-
	Taighde		86,255	207,302
	Ceadúnú Teilifís Digiteach Trastíre		275,259	0
	Táillí Dlí		246,118	225,319
	Táillí Dlí do Theilifís Digiteach Trastíre		194,653	0
	Forbairt Cód		75,696	118,624
	Costais Comhlíontachta		424	431
	Tionscnaimh Ghaeilge		10,506	33,125
			1,578,635	1,159,238

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

7. Costais an Choimisiúin um Ghearáin Chraolacháin

	2008	2007
	€	€
Costais Oibriúcháin		12,426
Costais Riaracháin		20,453
Costais Dlí		8,937
Costais Fógraíochta		64,118
Costais CP		26,335
Taisteal agus Cothabháil Boird	10,260	10,406
	219,963	142,675

8. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh Ríomhaireachta	Trealamh Oifige	Daingneáin agus Feistis	Feabhsúcháin Léasachta	Trealamh Teicniúil	Mótar-fheithiclí
	€	€	€	€	€	€
Costas						
Ar 01.01.2008	4,163,114	439,459	100,720	698,419	2,673,267	191,357	59,892
Breisithe	42,127	29,840	4,204	6,809	0	1,274	0
Diúscairtí	0	0	0	0	0	0	0
Ar 31.12.2008	4,205,241	469,299	104,924	705,228	2,673,267	192,631	59,892
Dímheas							
Ar 01.01.2008	2,365,336	354,739	53,738	315,591	1,395,949	185,427	59,892
Muirear don bhiain	387,245	48,926	6,456	68,268	259,771	3,824	0
Diúscairtí	0	0	0	0	0	0	0
Ar 31.12.2008	2,752,581	403,665	60,194	383,859	1,655,720	189,251	59,892
Luach Leabbhair Glan							
Ar 31.12.2008	1,452,660	65,634	44,730	321,369	1,017,547	3,380	0
Ar 31.12.2007	1,797,778	84,720	46,982	382,828	1,277,318	5,930	0

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

		Nótaí	2008	2007
			€	€
9. Fiachóirí	Fiachóirí		61,134	44,390
	Réamhíocaíochtaí		152,558	172,798
	Eile		3,272	374
	Ioncam Fabhraithe		372,754	190,791
			589,718	408,353
10. Creidiúnaithe *(Suimeanna Dlite Laistigh de Bhliain Amháin)*	Creidiúnaithe Trádála		289,656	342,746
	Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Inaisíoctha leis an Roinn	2	420,776	413,848
	Fabhruithe		154,195	178,839
	CBL/IMAT/ASPC/Cáin Shiarchoinneálach		135,509	127,946
			1,000,136	1,063,379
11. Taiscí Gearrthéarmacha	Iarmhéid ar 1 Eanáir		19,717,546	25,277,815
	Breisithe			
	Aistarraingtí		(3,494,595)	(5,560,269)
	Léirítear infheistíochtaí le taiscí bainc		16,222,951	19,717,546
12. Cuntas Caipitil	Iarmhéid ar 1 Eanáir		1,797,778	2,060,662
	Aistriú chuig an/(ón) gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:			
	Cistiú Sócmhainní Breise		42,127	182,404
	Amúchadh de réir Dímheas Sócmhainní		(387,245)	(439,684)
	Suimeanna a Scaoileadh de bharr Diúscairt Sócmhainní			(5,604)
			(345,118)	(262,884)
	Iarmhéid ar 31 Nollaig		1,452,660	1,797,778

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

13. Fostaithe agus Luach Saothair

Is mar seo a leanas ar an meán a bhí an líon daoine a bhí fostaithe ag an gCoimisiún le linn na tréimhse:-

	2008	2007
Bainistíocht	22	21
Riarachán	20	23
	42	**44**

Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Rinne Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin conradh fostaíochta leis an gCoimisiún ar an 26 Eanáir 2004. Cheadaigh an Roinn Airgeadais an conradh sin go ceann tréimhse cúig bliana. Ar an 29 Eanáir 2009 thug Bord an BCI fadú don tréimhse sin go ceann cúig bliana nó go dtí tús an BAI ar an 1 Deireadh Fómhair 2009.

Fostaíodh an Príomhfheidhmeannach ar an gcéad pointe de Ghrád Rúnaí Cúnta sa Stát Sheirbhís ar ráta de €131,743 sa bhliain. Cheadaigh Cathaoirleach an Choimisiúin méaduithe ar an luach saothair a thagann laistigh de chiorcláin eisithe ag an Roinn Airgeadais de réir chinnidh a rinne an Coimisiún ar an 12 Meitheamh 2000.

Ba €154,523.89 luach iomlán luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh i 2008 agus rinneadh ranníocaíocht aoisliúntais fostóra de €24,912.86.

Rinne an conradh fostaíochta don Phríomhfheidhmeannach foráil le haghaidh Scéim Dámhachtana de réir Feidhmíochta a chur i bhfeidhm. Bhunaigh an Coimisiún Fo-choiste Luach Saothair i Mí na Nollag 2004 chun scéim a fhorbairt. Faomhadh Scéim na bliana 2008 i Mí Eanáir 2008.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

14. Comhaltaí Bóird

Táillí agus Costais a Íocadh

D'íoc an Coimisiún táillí agus costais le comhaltaí a Bhoird agus le comhaltaí an Choimisiúin um Ghearáin Chraolacháin de réir rialachán agus ciorclán na Roinne Airgeadais. Chuir an Coimisiún i bhfeidhm cinneadh an Rialtais den 20 Eanáir 2006 i dtaobh táillí do chomhaltaí comhlachtaí Stáit. Seo a leanas na táillí agus na costais a íocadh le comhaltaí Boird agus le comhaltaí an Choimisiúin um Ghearáin Chraolacháin.

Coimisiun Craolacháin na hÉireann	Táillí	Costais
Conor J Maguire	€10,500	€4,273
Tom Collins	€7,000	Neamhní
Mary Davis	€7,000	Neamhní
Joe Griffin	€7,000	Neamhní
Vivienne Jupp	€7,000	€120
Angela Kerins	€7,000	Neamhní
Kay McGuinness	€7,000	€1,373
John O'Brennan	€7,000	€203
John Waters	€7,000	Neamhní
Bob Collins	€7,000	Neamhní

An Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin		
Michael McGrath	€10,500	€326
Joseph Brady	€3,500	€1,280
Eucharia Meehan	€7,000	Neamhní
Susan Nolan	€7,000	Neamhní
Miriam O'Callaghan	€7,000	€374
Sean O'Sullivan	€7,000	€5,084
David Tighe	€7,000	€2,088
John Donohoe	€7,000	€564

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

14. Comhaltaí Bóird *ar lean*

Faisnéisiú Idirbheart

Agus é i mbun a ngnáthghnó, cheadaigh an BCI conarthaí agus deontais a thabhairt do ghnóthais a raibh Comhaltaí Boird de chuid an BCI fostaithe acu nó a bhfuil leas eile acu iontu.

Ghlac an Coimisiún nósanna imeachta de réir fhorálacha an Achta Raidió agus Teilifíse, 1988, agus de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais, maidir le faisnéisiú leasa ag Comhaltaí Boird agus chloígh an Coimisiún leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana.

I 2008, dámhadh deontais a raibh iomlán de €17,400 iontu ar chuideachta a raibh leas inti curtha in iúl ag Comhalta Boird:

Mr. John O'Brennan, Dublin South FM

Dámhadh conarthaí ó am go chéile ar chuideachtaí neamhspleácha léiriúcháin faoin scéim *Sound & Vision* de chuid an BCI. I roinnt cásanna, ba tairbhithe indíreacha ó thaobh an ábhair a léiríodh de craoltóirí a raibh leas iontu curtha in iúl ag Comhaltaí Boird an BCI. Ina measc siúd sa bhliain 2008 bhí:

Mr. John O'Brennan, Dublin South FM
Mr. John Waters, Newstalk 106-108

Le linn 2008 chuir Comhaltaí Boird an BCI in iúl go raibh leasanna acu sna cuideachtaí seo a leanas a bhí ina n-iarratasóirí ar chonarthaí craolacháin fuaime de réir an Achta Raidió agus Teilifíse 1988:

Communicorp Ltd. – Ms. Mary Davis
Communicorp Ltd. – Mr. John Waters

Chloígh an Coimisiún le forálacha an Achta Raidió agus Teilifíse, 1988, agus le treoirlínte na Roinne Airgeadais a chlúdaíonn cásanna ina chuirtear leasanna in iúl. I ngach cás, níor cuireadh ar fáil don Chomhalta Boird aon doiciméid de chuid an Bhoird a bhain le hidirbheart a moladh nó le hiarratas ar cheadúnas, ná níor ghlac an comhalta páirt ná níor fhreastal siad ar chinntí an Bhoird i dtaobh an ábhairnuair a tháinig an comhalta ar an eolas agus gur chuir an comhalta an leas in iúl.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

15. Léasanna Olbriúcháin

Bhí léasanna ag an gCoimisiún ar dhá áitreabh, 2ú hUrlár, Marine House, Plás Chlann Liam, Baile Átha Cliath 2 agus 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2.

Ghlac an Coimisiún léas ar an 2ú hurlár, Marine House, Plás Chlann Liam, Baile Átha Cliath 2 ar 24 Feabhra 1989 go ceann 35 bliain. I 2004, athbhreithníodh cúrsaí cíosa thar thréimhse cúig bliana i dtaca leis an tréimhse dar tosach 1 Samhain 2004.

Níor úsáid an Coimisiún na hoifigí i Marine House i rith na bliana agus síníodh comhaontú foligin ar an 31 Bealtaine 2006 a chlúdaíonn an tréimhse 15 Márta 2006 go 14 Nollaig 2010. Faoin gcomhaontú seo tá an léasaire freagrach as gach cíos, ráta agus costas oibriúchan a bhaineann le háitreabh Marine House do thréimhse an léasa. Dá bhrí sin níl aon íocaíocht ghlan i leith Marine House dlite i 2008.

Ghlac an Coimisiún léas ar 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2 ar 14 Nollaig 2001 go ceann 20 bliana. Rinneadh athbhreithniú ar chúrsaí cíosa thar tréimhse cúig bliana don tréimhse dar tús 8 Nollaig 2006. De réir an léasa sin tá íocaíochtaí cíosa ar luach iomlán de €477,000 dlite lena ndéanamh sa bhliain 2008.

Gearradh iomlán de €614,600 i dtaca le léasanna oibriúcháin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

16. Aoisliúntas

(a) Anailís ar na costais iomlána pinsin a gearradh ar chaiteachas

	2008 €000s	2007 €000s
Costas Reatha Fónaimh	233	292
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin	170	164
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(84)	(87)
	319	369

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

16. Aoisliúntas *ar lean*

(b) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsin le linn na Bliana Airgeadais:

	2008	2007
	€000s	€000s
Glandliteanas pinsin ar an 1 Eanáir	(2,997)	(3,334)
Costas Fónaimh Reatha	(233)	(292)
Costais Úis	(170)	(164)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	(35)	793
Glandliteanas pinsin ar an 31 Nollaig	(3,435)	(2,997)

(c) Cistíocht Iarchurtha do Phinsin

D'aithin Coimisiún Craolacháin na hÉireann na suimeanna seo mar shócmhainn atá comhréireach leis an dliteanas neamhchistithe do phinsin ar bhonn an réimse toimhdí a bhfuil cur síos déanta orthu thuas agus ar líon áirithe tarlúintí san am atá thart.

I measc na dtarlúintí sin tá an bonn reachtach le bunú na scéime pinsin, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le cistiú pinsean sa tseirbhís phoiblí lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus próiséas na meastachán bliantúla. Ní raibh aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfadh an beartas cistíochta sin ar aghaidh ag sásamh na suimeanna sin de réir an chleachtais reatha.

Taispeánann an Chistíocht Ghlan Iarchurtha do Phinsin an chistíocht atá inghnóthaithe maidir le costais pinsin na bliana reatha.

Ba €3,435,000 an méid a bhí sa Sócmhainn Cistíochta Iarchurtha do Phinsin ar an 31 Nollaig 2008 (2007: €2,997,000).

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

16. Aoisliúntas *ar lean*

(d) Stair na n-Oibligeáidí Sochair Sainithe s

	2008 €'000	2007 €'000	2006 €'000	2005 €'000
Oibligeáid Sochair Sainithe	€3,435	€2,997	€3,334	€3,487
Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí	(85)	(18)	484	(197)
% dliteanais ar luach reatha na Scéime	(2.5%)	(0.06%)	14.5%	(5.7%)

Is suim de €9,000 an gnóthachan achtúireach carnaithe a aithnítear sa Ráiteas um Ghnóthachain Iomlán Aitheanta.

(e) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Socrú pinsin sochar sainithe tuarastal deiridh ina bhfuil sochar agus ranníocaíochtaí sainithe trí thagairt a dhéanamh do rialacháin scéime eiseamláraigh reatha don earnáil phoiblí is ea an scéim phinsin. Cuireann an scéim pinsean (ochtóduithe ar gach bliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim ar fáil (ochtódú amháin ar gach bliain seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. An seasca cúigiú breithlá is ea an Gnáth-Aois Scoir agus tá baill a raibh ballraíocht acu roimh 2004 i dteideal scoir ó aois a seasca gan aon laghdú achtúireach. Go hiondúil méadaíonn pinsin ina n-íocaíocht (agus ina n-iarchur) de réir boilscithe ghinearálta tuarastaill san earnáil phoiblí.

Tá an luacháil a úsáideadh i dtaca le nochtuithe (Leasaithe) FRS17 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách ar an 6 Eanáir 2009 ag cur san áireamh ceangaltais an FRS chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime ar an 31 Nollaig 2008.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

16. Aoisliúntas *ar lean*

Is mar seo a leanas a bhí na príomh-thoimhdeana achtúireacha:

	2008	2007
Ráta méadaithe tuarastal	4%	4%
Ráta méadaithe i bpinsin agus iad á n-íoc	4%	4%
Ráta Lascaine	5.7%	5.4%
Ráta Boilscithe	2.25%	2.25%

Ceadaíonn an bonn básmhaireachta a glacadh do fheabhsuithe in ionchas saoil le himeacht aimsire ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil ag am scoir ar an mbliain ina shroicheann ball aois scoir (65 bliana d'aois). Taispeánann an tábla thíos an meán-ionchas saoil ualaithe do bhaill a úsáidtear chun oibligeáidí sochair a dhearbhú.

	2008	2007
Ball ag aois 65 (ionchas reatha)	20.7	19
Ball ag aois 40 (ionchas saoil ag aois 65)	21.8	20.2

(f) Nochtuithe FRS 17 Leasaithe

Tá an t-eolas i dtaobh pinsean curtha i láthair de réir ceangaltas nua maidir le nochtú atá éilithe ón bhliain 2008 de réir leasaithe ar FRS 17.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

17. Ráiteas i dtaobh Sreabhadh Airgid

Anailís ar Athruithe sa Ghlan-Chiste

	At 01/01/2008	Cash Flows	At 31/12/2008
Airgead ar lámh/sa bhanc	1,388,462	(1,329,974)	58,488
Taiscí	19,717,546	(3,494,595)	16,222,951
Iomlán	21,106,008	(4,824,569)	16,281,439

Imréiteach Glansreabhadh Airgid agus Gluaiseachtaí Glanchiste

	2008	2007
Méadú/(Laghdú) Airgid i rith na bliana	(1,329,974)	(1,170,314)
Airgead curtha i dTaiscí	(3,494,595)	(5,560,269)
Athruithe sna Glanchistí	(4,824,569)	(6,730,583)
Glanchistí Tosaigh	21,106,008	27,836,591
Glanchistí Deiridh	16,281,439	21,106,008

in Broadcas